# Equal Start

## Samhail chun tacú le rochtain gach páiste ar fhoghlaim agus cúram na luath-óige, agus lena rannpháirtíocht iontu



An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

# CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| **Brollach** | 2 |
| **Forléargas** | 4 |
| **Cúlra** | 9 |
| **Próiseas chun Tús Cothrom a Fhorbairt** | 16 |
| **Cur chuige Tús Cothrom** | 23 |
| **Bearta Uilíocha (Snáithe 1)** | 30 |
| A. Tuismitheoirí a chumhachtú | 31 |
| B. Ionchuimsiú a leabú i suíomhanna | 33 |
| C. Tacú le comhpháirtíocht idir suíomhanna, teaghlaigh agus pobail | 38 |
| **Bearta atá spriocdhírithe ar pháistí (Snáithe 2)** | 43 |
| D. Freastal ar riachtanais phraiticiúla | 43 |
| E. Freagairtí saincheaptha a fhorbairt | 45 |
| **Bearta atá dírithe ar shuíomh (Snáithe 3)** | 46 |
| F. Maoiniú breise le haghaidh seirbhísí i gceantair ina bhfuil dlús ard daoine faoi mhíbhuntáiste | 47 |
| **Forbairt amach anseo** | 51 |
| **Beartais chomhlántacha** | 55 |
| **Cur chun feidhme** | 65 |
| **Aguisíní** | 70 |
| Aguisín 1: Moltaí i gComhpháirtíocht um Leas an Phobail | 71 |
| Aguisín 2: Eagraíochtaí agus comhlachtaí a ndeachthas i dteagmháil leo sa chéim chomhairliúcháin | 75 |

# BROLLACH



Cruthaíonn míbhuntáiste sna blianta tosaigh rioscaí d'fhorbairt páistí agus is féidir iarmhairtí fadtéarmacha a bheith aige ar a gcuid deiseanna saoil. Is féidir tionchar buan an mhíbhuntáiste sna blianta tosaigh a fheiceáil sna fáinní fí bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta a théann ar aghaidh ó ghlúin go glúin.

Tá a fhios againn go bhfuil ról tábhachtach ag seirbhísí fhoghlaim agus chúram na luathóige ar ardchaighdeán, in éineacht le seirbhísí riachtanacha eile do pháistí agus teaghlaigh, i dtaca le forbairt chognaíoch, shóisialta, mhothúchánach agus fhisiciúil agus folláine linbh agus maidir leis na fáinní fí ó ghlúin go glúin seo a bhriseadh. Tá ról tábhachtach freisin ag Seirbhísí Cúraim Leanaí ar Aois Scoile maidir le tacú le forbairt iomlánaíoch linbh, a thagann leis an oideachas foirmiúil a chuirtear ar fáil i scoileanna.

Leagann sé sin béim ar an tábhacht a bhaineann le cinntiú gur féidir le leanaí ó gach cúlra, agus go háirithe leanaí atá faoi mhíbhuntáiste, rochtain a fháil ar fhoghlaim agus cúram na luath-óige agus ar chúram leanaí ar aois scoile agus páirt a ghlacadh iontu.

Chun an gealltanas a tugadh in Na Chéad Chúig agus sa Chlár Rialtais a chomhlíonadh, táim fíorshásta Tús Cothrom a fhoilsiú - ár samhail nua chistithe agus sraith de bhearta uilíocha agus spriocdhírithe chun tacú le rochtain páistí agus a dteaghlach atá faoi mhíbhuntáiste ar fhoghlaim agus cúram na luath-óige agus cúram leanaí ar aois scoile, agus tacú lena rannpháirtíocht iontu.

Is ionann Tús Cothrom agus an ceathrú snáithe de 'Níos Fearr Le Chéile', an tsamhail chistithe d'fhoghlaim agus cúram na luathóige agus cúram leanaí ar aois scoile agus a thagann leis an gclár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige, an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (SRC), an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (SNCL), agus Croímhaoiniú chomh maith le beartais riachtanacha eile a thacaíonn freisin le páistí faoi mhíbhuntáiste laistigh d'fhoghlaim agus cúram na luathóige agus cúram leanaí ar aois scoile.


Tá cur chuige cisealaithe ag Tús Cothrom, ina bhfuil tacaíochtaí uilíocha, tacaíochtaí dírithe ar pháistí agus ar shuíomh, le cinntiú go mbainfidh gach páiste agus suíomh leas as contanam tacaíochtaí a léiríonn contanam an riachtanais.

I measc chohóirt tosaíochta Tús Cothrom, beidh páistí agus teaghlaigh a chónaíonn i gceantair faoi mhíbhuntáiste, páistí den Lucht Siúil, páistí ón bPobal Romach, páistí atá ag baint leas as an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí trí chomhlacht urraíochta, páistí atá gan dídean agus páistí atá sa chóras Cosanta Idirnáisiúnta, agus i measc shuíomhanna tosaíochta Tús Cothrom beidh suíomhanna a oibríonn i gcomhthéacsanna an mhíbhuntáiste chomhchruinnithe, dála shamhail DEIS sna scoileanna.

Leis an leithdháileadh de €4.5 milliún a d'fhógair mé i mBuiséad 2024 chun tús a chur le leathnú amach tosaigh Tús Cothrom ó Mhí Mheán Fómhair 2024 ar aghaidh (arbh ionann é agus costais bliana iomláine de €13.5 milliún) in éineacht leis na hacmhainní atá ann cheana laistigh de mo Roinn agus ag Comhpháirtithe Tús Cothrom eile (amhail Tús Níos Fearr, Pobal agus Tusla,) tacófar le hobair bhunsraithe chun na gníomhartha seo a leanas de chuid Tús Cothrom a chur chun cinn, agus cuirfear gach gníomh eile i gcrích laistigh de shaolré Na Chéad Chúig - faoi 2028.

- Cistiú a leathnú amach, d'fhoireann bhreise i suíomhanna a bhfuil Tús Cothrom dírithe orthu, rud a bheidh in ann raon de bhearta a mhaoiniú lena n-áirítear am méadaithe teagmhála agus neamhtheagmhála agus rannpháirtíocht in oiliúint
- Seisear Oibrithe Naisc Teaghlaigh a cheapadh chun tacú le Clár Tacaíochta do Thuismitheoirí den Lucht Siúil a leathnú amach ina iomláine i ngach ceann de na 17 limistéar Tusla, agus freagrachtaí nua ar Oibrithe Naisc Teaghlaigh dul i dteagmháil le Tuismitheoirí páistí den lucht siúil idir 1-5 bliain d'aois, chun tacú leo freastal ar fhoghlaim agus cúram luathóige agus páirt a ghlacadh iontu, leas a bhaint as an gclár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige (COLÓ) agus más infheidhme, cur isteach ar SRC.
- Saineolaithe Comhairleacha den Lucht Siúil, agus ón bPobal Romach a Cheapadh chun Obair in Tús Níos Fearr
- Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar na Treoirlínte Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe agus ar an oiliúint a ghabhann leo
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ról an Chomhordaitheora Ionchuimsithe reatha agus nuashonrú a dhéanamh ar an gclár Ceannaireacht do Chuimsiú
- Ról nua Idirchaidrimh do Phobail agus do Theaghlaigh nua a fhorbairt agus clár oiliúna gaolmhar a fhorbairt agus a leathnú amach
- Treisiú Cainte Luath a leathadh amach do shuíomhanna Tús Cothrom
- Oiliúint Meitheal agus rannpháirtíocht oideachasóirí luathbhlianta agus cleachtóirí cúraim leanaí ar aois scoile i Meitheal a leathnú amach
- Plean Cumarsáide agus Rannpháirtíochta a fhorbairt agus a leathnú amach
- Snáithe cistithe nua a fhorbairt faoin bPróiseas Bainistíochta Cásanna reatha le haghaidh teagmhais chriticiúla
- Tionscnaimh litearthachta agus uimhearthachta Tús Cothrom a leathnú amach faoin Straitéis Náisiúnta Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh linn chun Tús Cothrom a fhorbairt agus táim ag tnúth go mór le feiceáil conas a chuirfidh an tsamhail chistithe nua seo leis na hiarrachtaí níos leithne atá ar siúl againn chun a chinntiú go bhfuil gach páiste sona agus sláintiúil agus go bhfuil an deis acu chun lán a gcumas a bhaint amach.



**Roderic O'Gorman**
**An tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige**

# FORLÉARGAS



# Samhail chistithe is ea Tús Cothrom, agus sraith beart comhlachaithe uilíoch agus spriocdhírithe chun tacú le rochtain agus rannpháirtíocht san Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (FCLÓ) agus i gcúram leanaí ar aois scoile (CLAS) do leanaí agus a dteaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste.

## Cúlra

*Gealladh in Na Chéad 5* go mbeadh meicníochtaí á bhforbairt chun tacaíochtaí breise a chur ar fáil do shuímh FCLÓ agus CLAS ina bhfuil cuid mhaith leanaí atá i mbaol bochtaineachta chun iarmhairtí an mhíbhuntáiste luaith a mhaolú. Freagraíonn Tús Cothrom chomh maith do shonraí ina léirítear go bhfuil rátaí rannpháirtíochta sa chlár Cúraim agus Oideachais na Luath-Óige i bhfad níos ísle ag leanaí den Lucht Siúil nó ón bPobal Romach ná mar atá siad ag páistí ó ghrúpaí eile sa tsochaí.

Cuireann Tús Cothrom bearta ar fáil sa bhreis ar na tacaíochtaí atá ann cheana féin do pháistí agus teaghlaigh faoi mhíbhuntáistí in FCLÓ agus CLAS. Tagann sé leis an gClár COLÓ, an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (SRC), agus an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, agus Croímhaoiniú. Is ionann Tús Cothrom agus an ceathrú snáithe den tsamhail chistithe a moladh i dtuarascáil an tSainghrúpa, *Comhpháirtíocht um Leas an Phobail*.

## Próiseas Forbartha

Tá forbairt Tús Cothrom bunaithe ar shraith de staidéir thaighde a rinne an Sainghrúpa ar an tsamhail chistithe. Tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin phoiblí ansin go sonrach maidir le dearadh Tús Cothrom. Chun dul i dteagmháil le soláthraithe FCLÓ agus CLAS, oideachasóirí luathbhlianta, le cleachtóirí CLAS agus eagraíochtaí ionadaíocha, reáchtáladh roinnt agallaimh leathstruchtúrtha, agus ina dhiaidh sin sraith ceardlann, ar líne agus go pearsanta araon. Chlúdaigh ceisteanna bacainní, dúshláin agus saincheisteanna reatha a bhaineann le míbhuntáiste maidir le rochtain a fháil ar FCLÓ agus CLAS agus páirt a ghlacadh ann, grúpaí tosaíochta, agus tacaíochtaí agus gníomhaíochtaí féideartha.

## Cur chuige Tús Cothrom

Níos minice ná a mhalairt, tá páistí faoi mhíbhuntáiste ina gcónaí i bpobail faoi mhíbhuntáiste, agus in áiteanna ina bhfuil dlús ard daoine faoi mhíbhuntáiste iontu, is féidir éifeacht "iolraitheora" a theacht chun cinn[1]. Mar sin, tugann Tús Cothrom tús áite do shuímh FCLÓ agus CLAS in áiteanna ina mbíonn míbhuntáiste le feiceáil go tréan. Mar sin féin, tá roinnt páistí faoi mhíbhuntáiste ina gcónaí i gceantair eile, agus tá sé tábhachtach roinnt tacaíochtaí a shaincheapadh chun tacú leis na riachtanais shonracha atá ag grúpaí áirithe. Ar na cúiseanna seo, chomh maith le tús áite a thabhairt do pháistí atá ina gcónaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste, sainaithníodh grúpaí tosaíochta eile.

Chuir fianaise thaighde, torthaí comhairliúcháin, tosaíochtaí beartais náisiúnta, chomh maith leis na ceanglais atá ar Éirinn faoin Scéim Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí, bonn eolais faoi shainaithint na ngrúpaí tosaíochtaí. Cúis eile ab ea tacaíochtaí a bheith ar fáil cheana féin do roinnt grúpaí (i.e. tacaíochtaí SRC arbh ann dóibh cheana féin le haghaidh páistí le riachtanais bhreise) agus sonraí riaracháin a bheith ar fáil a thabharfadh an deis dúinn na grúpaí tosaíochta a aithint chun críocha tacaíochtaí Tús Cothrom a leithdháileadh.

1 Cattan, S., Fitzsimons, E., Goodman, A., Phimister, A., Ploubidis, G. B. and Wertz, J. (2022), 'Early childhood and inequalities', IFS Deaton Review of Inequalities

Chun tacaíochtaí a spriocdhíriú go héifeachtach ar ghrúpaí tosaíochta, cuireadh sonraí riaracháin ón Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí agus ón gclár COLÓ (e.g. Éirchód agus eitneacht na bpáistí agus tarchuir urraitheora) le chéile le hInnéacs Díothachta HP Pobal, agus le liostaí geochódaithe de sholáthraithe cóiríochta do dhaoine gan dídean, Ionaid Chóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta agus Ionaid Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála. Mar sin, is féidir le Tús Cothrom an chuid sin de na páistí i suíomhanna FCLÓ agus CLAS atá ina gcónaí i bpobail faoi mhíbhuntáiste nó a thagann ó ghrúpaí tosaíochta a shainaithint. Leis na sonraí seo, is féidir tacaíochtaí Tús Cothrom a díriú ar shuíomhanna sonracha FCLÓ agus CLAS ina bhfuil míbhuntáiste comhchruinnithe agus ar shuíomhanna eile ar a bhfuil páistí ó ghrúpaí tosaíochta ag freastal.

Déanfar líon suíomhanna tosaíochtaí Tús Cothrom a nuashonrú gach bliain, agus ainmneofar aon soláthraí nua a sháraíonn an tairseach réamhshocraithe mar shuíomhanna tosaíochta. I gcás na suíomhanna arna n-ainmniú mar shuíomh tosaíochta, coinneoidh siad an t-ainmniú sin ar feadh timthriall dhá bhliain, rud a léiríonn an gá atá ag suíomhanna chun pleanáil a dhéanamh roimh ré. Maidir le suíomhanna a aithnítear nach sroicheann an tairseach go seasta le haghaidh ainmniú tosaíochta i ndiaidh thimthriall dhá bhliain, tabharfar bliain amháin dóibh chun aistriú amach as ainmniú tosaíochta Tús Cothrom. Ní aistreoidh seirbhísí as níos mó ná leibhéal amháin laistigh de thimthriall dhá bhliain, rud a fhágann go n-aistreofar seirbhís ainmnithe Leibhéal 1 go Leibhéal 2 ar a mhéad, seachas iad a aistriú as ainmniú tosaíochta go hiomlán.

## Snáitheanna Tús Cothrom

Cuimsíonn Tús Cothrom bearta uilíocha (snáithe 1), bearta atá dírithe ar pháistí chun tacú le páistí ó spriocghrúpaí tosaíochta i ngach suíomh FCLÓ agus CLAS (snáithe 2), agus bearta atá dírithe ar shuíomh a chuireann acmhainní breise ar fáil do shuíomhanna a bhfuil dlús ard páistí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste iontu (snáithe 3).

## Bearta uilíocha (Snáithe 1) – Gach páiste agus gach suíomh

Le snáithe 1 de Tús Cothrom, cuirfear bearta uilíocha ar fáil – bearta atá ar fáil i ngach suíomh agus lena dtacófar le heispéiris agus torthaí dearfacha do gach páiste. Le rochtain uilíoch na mbeart seo, tacófar le páistí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste is cuma cén FCLÓ nó CLAS a bhfreastalóidh siad air. Ina theannta leis sin, nuair a leathnófar amach na bearta ar dtús, tabharfar tús áite do shuíomhanna agus spriocghrúpaí a bhfuil Tús Cothrom dírithe orthu, ach is í an aidhm atá acu ná na bearta a leathnú amach chuig gach suíomh FCLÓ agus CLAS sa deireadh.[2] Roinntear na bearta faoi Shnáithe 1 i dtrí chatagóir:

A. **Tuismitheoirí a chumhachtú –** tionscnamh cumarsáide chun tacú le tuismitheoirí (go háirithe tuismitheoirí ó phobail faoi mhíbhuntáiste) chun go mbeidís ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil dóibh (suíomh FCLÓ agus CLAS agus tacaíochtaí tuismitheoirí araon), conas teacht orthu, agus cad iad na tacaíochtaí airgeadais a d'fhéadfadh cabhrú leo.

B. **Ionchuimsiú a leabú i suíomhanna** – Oiliúint Éagsúlachta, Comhionannais agus Ceannaireachta um Chuimsiú i Luathbhlianta (LINC) a athbhreithniú agus leathnú, tacaíocht do ról an Chomhordaitheora Ionchuimsithe a athbhreithniú, beartais riaracháin a neartú, agus tacú le rannpháirtíocht suíomhanna i gcomhoibriú idirghníomhaireachta ar mhaithe le leas agus cosaint páistí chun cabhrú le suímh FCLÓ agus CLAS a bheith níos ionchuimsithí.

2 Mar, mar a cuireadh in iúl i rannóg 4, ní bheidh bearta Tús Cothrom ar fáil ach i Seirbhísí Comhpháirtíochta Croímhaoiniú.

C. **Tacú le comhpháirtíocht idir suíomhanna, teaghlaigh agus pobail** – ról nua Comhordaitheora Comhpháirtíochta Teaghlaigh agus Pobail a fhorbairt i suíomh FCLÓ agus CLAS, oiliúint a chur ar fáil chun tacú leis an ról nua seo, ról comhairleach Tús Níos Fearr a leathnú chun tacú le Tús Cothrom, agus tacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí i suíomhanna.

## Bearta atá dírithe ar pháistí (Snáithe 2) – Gach páiste le hainmniú tosaíochta

Le Snáithe 2 de Tús Cothrom, cuirfear bearta ar fáil atá spriocdhírithe ar pháistí – bearta atá ar fáil i ngach suíomh agus a dhíreoidh tuilleadh tacaíochtaí ar pháistí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus ó ghrúpaí tosaíochta. Roinntear na bearta faoi Shnáithe 2 in dhá chatagóir:

D. **Freastal ar riachtanais phraiticiúla –** maoiniú leathsholúbtha breise chun tacú le rochtain agus rannpháirtíocht páistí ó ghrúpaí tosaíochta, i ngach suíomh.

E. **Freagairtí saincheaptha a fhorbairt** – obair le heagraíochtaí ionadaíocha ó spriocghrúpaí chun réitigh éifeachtacha a fhorbairt chun dul i ngleic leis na bacainní ar rochtain agus rannpháirtíocht in FCLÓ agus CLAS atá roimh pháistí ó na spriocghrúpaí sin.

## Bearta atá spriocdhírithe ar shuímh (Snáithe 3) – Gach suíomh le hainmniú tosaíochta

Le Snáithe 3 de Tús Cothrom, cuirfear bearta ar fáil atá dírithe ar shuímh – bearta a dhíreoidh ar shuímh nár aithníodh mar shuímh a bhfuil dlús ard páistí ó chúlraí faoi bhuntáiste iontu trí shamhail aitheanta Tús Cothrom. Cuirfidh Snáithe 3 iad seo a leanas ar fáil:

F. **Maoiniú breise le haghaidh suímh atá i gceantair ina bhfuil míbhuntáiste comhchruinnithe–** maoiniú solúbtha le haghaidh am foirne breise chun cabhrú le suíomhanna tacú le páistí sna pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste, chomh maith le maoiniú le haghaidh béilí breise i suíomhanna a bhfuiltear ag díriú orthu chun cabhrú leo dul i ngleic le bochtaineacht bhia agus idirghabhálacha spriocdhírithe a chur ar fáil do pháistí a bhfuil moilliú ó thaobh teanga orthu. Úsáidfear samhail aitheanta Tús Cothrom i réimsí eile de bheartas FCLÓ agus CLAS chun tacú le tuilleadh forbartha ar an gcur chuige uilíoch forchéimnitheach atá leagtha amach in *Na Chéad Chúig*.

## Forbairt amach anseo

Chomh maith le gníomhartha faoi Shnáithe 1 go 3, déanfar machnamh ar a thuilleadh forbairtí ar Tús Cothrom sna blianta atá amach romhainn. Le tuilleadh taighde agus comhairliúcháin, cuirfear bonn eolais faoi mhachnamh ar:

- *Maoiniú le haghaidh riachtanais eisceachtúla* – déanfar an gá atá le sruth maoinithe breise, bunaithe ar iarratais, a mheas i ndiaidh go gcuirfear tús le Tús Cothrom a chur i bhfeidhm.
- *Ionaid Teaghlaigh agus Luath-Óige* – i gcomhréir le *Na Chéad Chúig*, déanfar machnamh ar shamhail nua de mhoil luathóige a fhorbairt chun raon seirbhísí a thabhairt le chéile a thacóidh le tuismitheoirí agus páistí, rud a tharraingeoidh ar thaithí náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- *Iompar* – déantar cuid den iompar do shuíomhanna FCLÓ agus CLAS a fhóirdheonú cheana féin tríd an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí Náisiúnta, agus beidh tacaíocht d'iompar i mBeart D de Tús Cothrom. Déanfar tuilleadh machnaimh ar fhorbairt tacaíochta breise amach anseo.

- *Athbhreithniú ar na gairmeacha atá ag teastáil chun obair i suíomhanna FCLÓ agus CLAS* – tabharfar faoi athbhreithniú ar na gairmeacha proifisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil in FCLÓ agus CLAS, go háirithe i gceantair ina bhfuil míbhuntáiste comhchruinnithe, chun tacú le rochtain, rannpháirtíocht agus forbairt leanaí.

## Beartais chomhlántacha

Tá sé i gceist go dtiocfadh Tús Cothrom le raon beartas eile a thacaíonn le leanaí faoi mhíbhuntáiste laistigh de FCLO agus CLAS. Is é Tús Cothrom an ceathrú heilimint den tsamhail mhaoinithe Níos Fearr le Chéile do shuíomhanna FCLÓ agus CLAS, a sholáthraíonn tacaíochtaí uilíocha agus spriocdhírithe comhlántacha tríd an gclár COLÓ agus SRC, an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, agus Croímhaoiniú.

Is codanna tábhachtacha iad ionchuimsiú agus comhionannas i suíomhanna FCLÓ agus CLAS de chreatchuraclam *Aistear*, creat cáilíochta *Síolta*, agus de na Treoirlínte *Náisiúnta Cáilíochta do Sheirbhísí CLAS*. Tá béim freisin ar éagsúlacht agus comhionannas in *Scileanna a Chothú*, agus in obair an dá chigireachta le haghaidh FCLÓ.

Maoiníonn an Roinn Tusla chun seirbhísí tacaíochta do thuismitheoirí a sholáthar go díreach agus trí sheirbhísí coimisiúnaithe ag brath ar an ngá atá leo. Sa bhreis ar thacaíochtaí tuismitheoireachta uilíocha, tairgtear tacaíocht tuismitheoireachta duine ar dhuine chomh maith ó raon leathan de sheirbhísí tacaíochta proifisiúnta agus tuismitheoireachta. Tá pleananna i bhfeidhm chun rochtain ar thacaíochtaí tuismitheoireachta a mhéadú do theaghlaigh atá níos mó faoi mhíbhuntáiste.

## Cur chun feidhme

Cuirfear Grúpa Maoirseachta Tús Cothrom ar bun chun maoirseacht agus bainistíocht náisiúnta a chur ar fáil, i gcomhar le páirtithe leasmhara ar bhonn leanúnach, agus beidh Foireann Tionscadail Tús Cothrom Thiomnaithe chun tosaigh maidir lena chur i bhfeidhm.

Leis *Na Chéad Chúig* comhlíonann Tús Cothrom gealltanas fíorthábhachtach agus tá sé i gceist go gcuirfear gach gníomh tosaigh de chuid Tús Cothrom i bhfeidhm ina n-iomláine laistigh de shaolré na Straitéise seo – faoi 2028 – agus trí chéim ar leith aige:

- **Céim 1 (2024-2025).** Tabharfar tús áite do mhaoiniú atá dírithe ar leibhéal an tsuímh, rud a thosóidh le tacaíochtaí foirne a thabhairt isteach ó Mhí Mheán Fómhair 2024. Déanfar obair ullmhúcháin ar raon de ghníomhartha Tús Cothrom, lena n-áirítear teagmháil le páirtithe leasmhara.
- **Céim 2 (2026-2027).** Tabharfar isteach maoiniú tosaigh atá dírithe ar leibhéal an pháiste, agus cuirfear tús le cláir nua agus nuashonraithe.
- **Céim 3 (2028).** Leathnú amach iomlán bheartas Tús Cothrom eile i Snáithe 1, 2 agus 3.

Déanfar dul chun cinn ar chur i bhfeidhm Tús Cothrom ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an tsuímh. Ar an leibhéal náisiúnta, beidh tuairisciú bliantúla ar shraith ghearr de tháscairí náisiúnta, agus coimisiúnóidh an Roinn meastóireacht neamhspleách i ndiaidh trí bliana. Ar leibhéal an tsuímh, ceanglófar ar shuímh atá incháilithe le haghaidh maoiniú spriocdhírithe, Plean gearr chun Dul i nGleic le Míbhuntáiste a fhoilsiú. Déanfar monatóireacht ar chur chun feidhme ag leibhéal an tsuímh trí fhéinmheastóireacht agus trí shampla de na pleananna a iniúchadh.

# CÚLRA



## Bochtaineacht agus míbhuntáiste sa luath-óige

De réir na sonraí is déanaí ón Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (2023), tá 43,138 leanbh idir 0-5 bliana d'aois agus 58,643 leanbh idir 6-11 bhliain d'aois i mbaol bochtaineachta. Is ionann é seo agus 12.1% de leanaí idir 0-5 bliana d'aois agus 13.8% de leanaí idir 6-11 bhliain d'aois. Is ionann na rátaí bochtaineachta seasta i measc na gcohórt aoise seo agus 3.7% (nó 13,191 leanbh) agus 4.9% (nó 20,822 leanbh) faoi seach agus meastar go bhfuil 167,273 leanbh idir an dá chohórt faoi dhíothacht ábhartha[3]. Tá na rátaí i mbaol bochtaineachta, rátaí bochtaineachta seasta agus rátaí díothachta i bhfad níos airde i measc páistí atá i dteaghlaigh tuismitheora aonair.

Laistigh den chohórt seo de pháistí atá buailte ag bochtaineacht agus díothacht, is eol dúinn go bhfuil grúpaí ann a mbaineann leochaileacht ar leith leo, lena n-áirítear páistí den Lucht Siúil, páistí ón bpobal Romach, páistí gan dídean, páistí atá ar lorg cosaint idirnáisiúnta agus páistí atá faoi chúram an stáit.

Sna sonraí is déanaí, léirítear go bhfuil 11,980 páiste den Lucht Siúil agus 4,223 páiste ón bpobal Romach faoi 15 in Éirinn. Ina theannta sin, faoi láthair tá 4,399 páiste faoi 13 atá ina gcónaí i Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta, bhí 4,170 páiste i dteaghlaigh atá ag baint leas as cóiríocht éigeandála le linn sheachtain 19-25 Feabhra 2024 agus bhí 4,191 páistí faoi 14 faoi chúram an Stáit in 2022.

I sonraí ó Bhunachar Sonraí Bunscoile ar Líne de chuid na Roinne Oideachais, léirítear go bhfuil éagsúlacht mhór idir cohóirt éagsúla páistí i dtaca le rannpháirtíocht sa chlár COLÓ nó i suíomhanna réamhscoile eile. Mar shampla, in 2022/2023, ní dheachaigh ach 74% de pháistí den Lucht Siúil agus 64.7% de pháistí ón bpobal Romach isteach sa bhunscoil ó chlár COLÓ nó ó shuíomh réamhscoile eile, i gcodarsnacht le 95.7% de pháistí geala Éireannacha.

Tábla 1: Iontrálaithe chuig ranganna naíonán sóisearach i scoileanna náisiúnta príomhshrutha ón gclár COLÓ nó ó shuíomh réamhscoile eile, de réir ainmniú na scoile agus de réir eitneachta (2022/23)

| Cúlra Eitneach nó Cultúrtha | 2022 | 2022 | |
|---|---|---|---|
| | Gach scoil | DEIS | Neamh-DEIS |
| Lucht Siúil Éireannach | 74.0% | 74.8% | 72.3% |
| Romach | 64.7% | 61.5% | 70.0% |
| Geal Éireannach | 95.7% | 95.1% | 95.9% |

***Foinse:*** *Bunachar Sonraí Daltaí Bunscoile ar Líne 2022/2023 An Roinn Oideachais*

3 Déantar amach líon na bpáistí a ríomh trí mheastacháin daonra aoisghrúpa 2023 an POS a mhéadú ar ráta bochtaineachta

## Ról FCLÓ agus CLAS

Bíonn iarmhairtí fadtéarmacha ar dheiseanna saoil má tá páiste buailte le bochtaineacht nó le héagothroime thromchúiseach sna blianta tosaigh.[4] Is féidir tionchar buan an mhíbhuntáiste sna blianta tosaigh a fheiceáil sna fáinní fí bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta a théann ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Cé nach "réiteach draíochta" iad FCLÓ agus CLAS, tá ról tábhachtach acu i dtaca leis na fáinní fí ó ghlúin go glúin seo a bhriseadh, chomh maith le seirbhísí riachtanacha eile a sholáthar do pháistí agus teaghlaigh. Faoi mar a tugadh faoi deara i Moladh Chomhairle an Aontais Eorpaigh a chuir an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí ar bun:

> "Ceann de na príomhrudaí a chinneann eisiamh sóisialta páistí is ea rochtain éagothrom ar sheirbhísí tábhachtacha, rudaí atá riachtanach dá bhfolláine agus d'fhorbairt a gcuid scileanna sóisialta cognaíocha agus mothúchánacha. Is mó seans go mbeidh páistí atá i mbochtaineacht nó ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste buailte le bacainní ar rochtain a fháil ar oideachas agus cúram luath-óige, oideachas ionchuimsitheach, cothú sláintiúil agus tithíocht leordhóthanach. Cuireann siad tús lena saol faoi mhíbhuntáiste, agus is féidir iarmhairtí fadtéarmacha a bheith aige sin ar a bhforbairt agus ar a n-ionchais amach anseo."[5]

I dtaca le FCLÓ, mar chuid d'anailís a rinneadh ar thorthaí ó Shuirbhé Starting Strong TALIS, tháinig an ECFE ar an tátal seo:

> "Is féidir le hOideachas agus Cúram Luath-Óige (OCLÓ) tús láidir sa saol a thabhairt do pháistí, go háirithe páistí ó chúlraí nach bhfuil go maith as. Ach chun an gealltanas seo a chomhlíonadh, ní mór rochtain chothrom ar dheiseanna oideachais, foghlama agus forbartha d'ardchaighdeán a bheith ag páistí ó gach cúlra. Ina theannta sin, chun cabhrú le OCLÓ na míbhuntáistí atá ag páistí áirithe, mar gheall ar a gcúlraí, a chealú nó chun freastal ar a riachtanais bhreise, ní mór níos mó acmhainní a leithdháileadh ar roinnt páistí nó ionaid OCLÓ." [6]

Is féidir ról tábhachtach a bheith ag seirbhísí CLAS chun tacú le forbairt iomlánaíoch páistí, rud a thagann leis an oideachas foirmiúil a chuirtear ar fáil i mbunscoileanna. Is féidir ról fíorthábhachtach a bheith ag seirbhísí CLAS i saolta páistí atá ag streachailt le hoideachas foirmiúil nó a bhfuil dúshláin rompu sa bhaile nó ina dtimpeallacht phobail.

## *Na Chéad Chúig* agus *Comhpháirtíocht um Leas an Phobail*

*Tá Na Chéad Chúig, An Straitéis Uile-Rialtais le haghaidh Leanbán, Leanaí Óga agus a dTeaghlach, 2019-2028* tiomanta chun:

> "Meicníochtaí a fhorbairt chun tacaíochtaí breise a chur ar fáil do shuímh FCLÓ ina bhfuil cionmhaireacht ard leanaí i mbaol bochtaineachta chun iarmhairtí an mhíbhuntáiste luaith a mhaolú. Go sonrach, agus Samhail DEIS mar bhonn eolais leis, clár a fhorbairt chun FCLÓ a chur ar fáil i gcomhthéacs ina bhfuil míbhuntáiste comhchruinnithe."

4 G. Duncan et al. (2012) 'The Importance of Early Childhood Poverty', in *Social Indicators Research*, 108/1.

5 Moladh na Comhairle (AE) 2021/1004 14 Meitheamh 2021 a chuir Ráthaíocht Eorpach do Leanaí ar bun.

6 ECFE (2023) *Cothrom na Féinne a thabhairt in OCLÓ: Torthaí ó Starting Strong TALIS, 2018*, Páipéar Oibre Oideachais Uimh. 305, lch.45.

Sa tiomantas seo do thacaíochtaí breise do pháistí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, léirítear cur chuige forchéimnitheach níos leithne *Na Chéad Chúig*, ina gcuirtear tacaíochtaí agus seirbhísí ar fáil do gach páiste ar leibhéal uilíoch le soláthar breise do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise acu nó dúshláin bhreise rompu, chun a chinntiú go mbaineann gach leanbán, leanbh óg agus a dteaghlaigh leas as FCLÓ agus CLAS.

Rinne an Sainghrúpa a d'fhoilsigh *Comhpháirtíocht um Leas an Phobail* in 2021, iniúchadh agus tuilleadh forbartha ar an ngealltanas chun clár tacaíochta breise a fhorbairt in FCLÓ agus CLAS chun cabhrú le dul i ngleic le míbhuntáiste. Rinne an Sainghrúpa sraith de mholtaí breise ar an gcineál cláir a bhí le forbairt agus cén chaoi a rachadh sé leis na príomhscéimeanna cistithe eile le haghaidh FCLÓ agus CLAS: forbraíodh an clár COLÓ, an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, agus an scéim nua Croímhaoiniú mar thoradh ar thuarascáil an tSainghrúpa. Déantar achoimre ar mholtaí an tSainghrúpa le haghaidh clár spriocdhírithe chun dul i ngleic le míbhuntáiste, agus ar an gcomhairliúchán agus taighde ina dhiaidh as ar eascair Tús Cothrom, i rannóg 3.

## Gealltanais AE agus NA

I gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, luaitear go bhfuil sé 'de cheart ag gach leanbh oideachas agus cúram luath-óige inacmhainne d'ardchaighdeán a bheith acu'. 'Soláthar a spreagann rannpháirtíocht, a neartaíonn ionchuimsiú sóisialta agus a ghlacann le héagsúlacht'' is cróiráiteas é sin de chuid Chreat Cáilíochta an AE le haghaidh COLÓ.

Aithnítear sa Ráthaíocht Eorpach do Leanaí go dtéann míbhuntáiste agus eisiamh sna blianta tosaigh i bhfeidhm ar eispéiris páistí agus ar a gcuid deiseanna níos deireanaí sa saol. Agus é lonnaithe i gcomhthéacs níos leithne Straitéis an AE maidir le Cearta an Linbh, tá sé mar aidhm ag an Ráthaíocht do Leanaí go gcinnteofar go bhfuil rochtain ag gach páiste san Eoraip atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta ar na seirbhísí riachtanacha seo a leanas: 1) oideachas agus cúram luath-óige, 2) oideachas (lena n-áirítear gníomhartha scoilbhunaithe), 3) cúram sláinte, 4) cothú, agus 5) tithíocht.

I mí an Mheithimh 2022, foilsíodh Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Ráthaíocht Eorpach Leanaí. Cuimsíonn sé gealltanas *Na Chéad Chúig* chun samhail a fhorbairt chun tacaíochtaí uilíocha agus spriocdhírithe a fhorbairt do pháistí atá i mbaol bochtaineachta chun iarmhairtí míbhuntáiste luaith a mhaolú, is é sin le rá Tús Cothrom.

Tacóidh Tús Cothrom leis Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe an NA, go háirithe: *Sprioc 1: Deireadh a chur le bochtaineacht de gach cineál i ngach áit*, trí rochtain ar sheirbhísí a chur chun cinn; *Sprioc 3: Oideachas ionchuimsitheach agus cothrom d'ardcháilíocht a chinntiú agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn go gach duine*, agus *Sprioc 10: Éagothroime a laghdú laistigh de thíortha agus idir tíortha*, trí ionchuimsiú a chur chun cinn.

Freagraíonn gníomhartha in Tús Cothrom do mholtaí ó choiste an NA um Chearta an Linbh in 2023, amhail na moltaí chun:

- Bearta a neartú chun deireadh a chur le leithcheal i gcoinne grúpaí mionlaigh;
- A chinntiú, go bhfaigheann múinteoirí, gairmithe cúraim leanaí agus gairmithe eile a oibríonn le páistí oiliúint ar cheart éisteachta an pháiste ar bhonn córasach agus,
- Bearta a láidriú chun rochtain chothrom ar oideachas d'ardcháilíocht a chinntiú do pháistí ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste.

## Beartais agus Straitéisí Gaolmhara

Is é Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS) príomhthionscnamh beartais na Roinne Oideachais chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais. De réir anailíse, léiríodh ó thosaigh an clár DEIS in 2006, gur chabhraigh sé leis an méid a bhain daltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste amach a fheabhsú.[7] Rinneadh nuashonraí ar phlean DEIS in 2017, agus é mar aidhm leis go mbeadh sé ina "chonair phrofa i dtreo deiseanna níos fearr do dhaoine i bpobail atá i mbaol míbhuntáiste agus eisiamh sóisialta"[8]. I ndiaidh an leathnaithe is déanaí ar chlár DEIS in 2022, thug an Roinn Oideachais faoi obair ar leithdháileadh acmhainní foriomlán ar scoileanna chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais. Mar bhonn eolais leis an obair seo, tá athbhreithniú ó thionscadal ECFE, *Neart de bharr Éagsúlachta – Oideachas le haghaidh Sochaithe Ionchuimsitheacha.* Tá an tSamhail DEIS mar bhonn eolais le dearadh agus forbairt Tús Cothrom, agus beidh sé mar ailíniú tábhachtach fós nuair a aistríonn na páistí isteach go FCLÓ i scoileanna.

Is í an straitéis náisiúnta uileghabhálach um bochtaineacht a laghdú agus ionchuimsiú sóisialta a fheabhsú *An Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta, 2020–2025*, a ndearnadh athbhreithniú lár téarma air le deireanas.[9] Tá sé mar aidhm ag an Treochlár an céatadán den daonra atá faoi bhochtaineacht sheasta in Éirinn a laghdú go 2% nó níos lú le go mbeadh Éire ar cheann de na tíortha is ionchuimsithí ó thaobh sochaí de san AE. Leagann an Treochlár béim ar an tábhacht a bhaineann le tacaíochtaí ioncaim agus rochtain ar sheirbhísí. Tá gealltanas ann chun meicníochtaí a fhorbairt a sholáthróidh tacaíochtaí breise do shuíomhanna FCLÓ mar a bhfuil cionmhaireacht ard de pháistí atá i mbaol bochtaineachta chun iarmhairtí an mhíbhuntáiste luaith a mhaolú.

Chun Gníomhartha Rialtais a chomhordú a laghdaíonn bochtaineacht páistí agus a chuireann folláine páistí chun cinn, bhunaigh an Taoiseach Oifig an Chláir maidir le Bochtaineacht Leanaí agus Dea-bhail Leanaí in 2023. Thug an Oifig tús áite do ghníomhartha sna sé réimse is mó a bheadh sé de chumas acu difríocht a dhéanamh do pháistí faoi bhochtaineacht. Ar cheann de na sé réimse sin, tá FCLÓ agus CLAS, mar aitheantas ar an bhfianaise a léiríonn go dtéann rannpháirtíocht in FCLÓ agus CLAS chun sochair do gach páiste ach go mbaineann páistí faoi bhochtaineacht an tairbhe is mó as.

Tá obair Oifig an Chláir maidir le Bochtaineacht Leanaí agus Dea-bhail Leanaí ar cheann de na rudaí a bhfuil gníomh tras-Rialtais le díriú orthu in Éire Óg: An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2023-2028. In Éire Óg, tá gealltanas chun sprioc nua bochtaineachta leanaí a fhorbairt agus chun líon na bpáistí agus na daoine óga faoi bhochtaineacht a laghdú thar shaolré Éire Óg.

Arna fhoilsiú in 2023, geallann Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais de chuid Éireann (PGNCÉ) gníomhartha a dhéanamh a chinntíonn gur áit í Éire ina n-aithnítear tionchair an chiníochais agus ina dtéitear i ngleic leo. Istigh ann, tá gealltanas chun bearta a thabhairt isteach chun dul i ngleic le difreálaigh san oideachas mar gheall ar eitneacht, agus chun cothromas ligean isteach, coinneála, tinrimh, dul chun cinn agus gnóthachtála a bhaint amach do ghrúpaí atá buailte le ciníochas.

7 An Foras Taighde ar Oideachas (2017) *Meastóireacht DEIS: Monatóireacht ar Ghnóthachtáil agus ar Mheonta i measc Daltaí Bunscoile Uirbeacha ó 2007 go 2016.*

8 An Roinn Oideachais, Plean DEIS, 2017.

9 An Roinn Coimirce Sóisialaí (2023) *Athbhreithniú Lár Téarma ar an Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta, 2020-2025.*

Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach (SNCLSR) in 2017, agus cuireann sí creat ar fáil chun dul i ngleic le tromiarmhairtí an mhíbhuntáiste agus an imeallaithe a bhfuil an Lucht Siúil agus an pobal Romach in Éirinn buailte leo. Sa phlean, beartaítear gníomhartha ag iliomad leibhéal éagsúil lena n-áirítear oideachas, leanaí agus óige agus frith-idirdhealú. Tá plean nua á fhorbairt faoi láthair. Tá Straitéis Oideachais do Phobal an Lucht Siúil agus na Romach á forbairt freisin ag an Roinn Oideachais i gcomhair le heagraíochtaí an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh agus leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus an Roinn Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Reáchtáladh comhairliúcháin chuimsitheacha chun tacú le forbairt na straitéise idir mí Iúil 2023 agus mí Aibreáin 2024. Thacaigh na comhairliúcháin a rinneadh chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt Tús Cothrom leo chomh maith.

## Scéimeanna/Cláir Chomhlántacha FCLÓ agus CLAS


Nuair a scríobh an Sainghrúpa *Comhpháirtíocht um Leas an Phobail* in 2021, bhí an clár COLÓ agus an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí ar an bhfód cheana féin. Mhol an Sainghrúpa dhá eilimint nua a chur leis an tsamhail chistithe foriomlán le haghaidh FCLÓ agus CLAS, a d'fheidhmeofaí in éineacht le clár COLÓ agus leis an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí:

Croímhaoiniú, íocaíocht nua ó thaobh an tsoláthair de le haghaidh soláthraithe arna dearadh chun tacú le cáilíocht (pá feabhsaithe don fhoireann san áireamh), inbhuanaitheacht, agus bainistíocht phoiblí fheabhsaithe, agus coinníollacha gaolmhara i dtaca le rialú táillí agus trédhearcacht costas, maoiniú a ionchorprú i gcomhair riaracháin, agus tacú le foireann le céimeanna a fhostú.

Maoiniú le haghaidh bearta nua uilíocha agus spriocdhírithe chun dul i ngleic le míbhuntáiste socheacnamaíochta.

Faoi mar a mhol an Sainghrúpa, is córas comhshnaidhmeach agus comhtháite cistithe iad na ceithre shruth cistithe (féach an figiúr), a dearadh chun dul chun cinn ar gach ceann de phríomhchuspóirí bheartas FCLÓ agus CLAS a chinntiú, agus chun dul i dtreo bainistíocht phoiblí fheabhsaithe. I rannóg 9, tugtar forbhreathnú ar scéimeanna/cláir FCLÓ agus CLAS agus ar na beartais a chuirfidh le Tús Maith.

# Samhail Mhaoinithe Nua




*Fíor 1 Samhail Mhaoinithe Nua*

# PRÓISEAS CHUN TÚS COTHROM A FHORBAIRT



## *Comhpháirtíocht um Leas an Phobail*

Agus *Comhpháirtíocht um Leas an Phobail: Samhail Nua Chistithe le haghaidh FCLÓ agus CLAS*, á forbairt, d'fhorbair an Sainghrúpa treoirphrionsabail chun bonn a chur faoin tsamhail chistithe le haghaidh FCLÓ agus CLAS (féach Bosca 1 thíos) agus rinneadh obair shuntasach ar iarmhairtí an mhíbhuntáiste a mheas agus ar conas is féidir dul i ngleic leo. Le comhairliúchán le páirtithe leasmhara agus dhá pháipéar oibre tábhachtacha de chuid Frontier Economics, cuireadh bonn eolais faoin obair seo.

Sa chéad pháipéar oibre 'Cuir Chuige i dtaca le Páistí nó Suíomhanna a shainaithint a bhfuil Tacaíocht Bhreise de Dhíth orthu' sainaithníodh raon de thréithe linbh nó teaghlaigh a úsáidtear i ndlínsí eile chun na leanaí ar chóir dóibh tacaíocht bhreise a fháil a shainaithint. Rinneadh rangú orthu ar an mbealach seo a leanas: míbhuntáiste eacnamaíochta; comhdhéanamh an teaghlaigh; páistí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta orthu nó faoi mhíchumas; páistí ó mhionlach eitneach nó réigiúnach, iarrthóirí tearmainn nó imircigh, agus páistí eile a bhfuil riachtanais bhreise teanga acu agus páistí i bhfíorghátar.

Sa dara páipéar oibre 'Samhlacha Cistithe a Théann i nGleic le Míbhuntáiste Luath-Óige', sainaithníodh na cuir chuige éagsúla a úsáidtear i ndlínsí eile chun tacú le seirbhísí a oibríonn i gcomhthéacs an mhíbhuntáiste. Sainaithníodh na sé chur chuige leathana seo a leanas:

1. Le maoiniú breise solúbtha, cuirtear maoiniú breise ar fáil do shuíomhanna le haghaidh páistí faoi mhíbhuntáiste le méid áirithe discréide ann i dtaca le conas mar a chaitear na cistí seo. Tugann an gá atá le suíomhanna a chúiteamh as na costais bhreise a bhaineann le páistí faoi mhíbhuntáiste údar maith don chur chuige seo de ghnáth.
2. Cuireann maoiniú breise coinníollach, maoiniú breise le haghaidh shuíomhanna do pháistí faoi mhíbhuntáiste: coinníollach, mar shampla, go gcomhlíontar sraith de chaighdeáin struchtúrtha nó cáilíochta próisis fhorordaithe, amhail cóimheasa idir páistí agus baill foirne nó cáilíochtaí ball foirne.
3. Tugann deontais maoiniú do shuíomhanna ar bhonn cás ar cás, de ghnáth chun dul i ngleic le riachtanais duine nó suímh aonair. Úsáidtear cuir chuige den chineál sin de ghnáth chun tacaíochtaí a mhaoiniú sa bhreis ar na cinn a sholáthraítear i bhfoirmlí cistithe uathoibríocha.
4. Baineann beartas breise soláthair foirne le soláthar díreach ball foirne, lena n-áirítear baill foirne le saincháilíochtaí, chun na cóimheasa idir páistí agus baill foirne a laghdú agus chun soláthar cáilíochta i suímh spriocdhírithe a fheabhsú.
5. I measc tacaíochtaí comhchineáil eile, tá oiliúint inseirbhíse, meantóireacht agus seirbhísí comhairleacha, acmhainní oideolaíocha agus ábhair mhúinteoireachta a chuireann an Rialtas ar fáil do shuíomhanna.
6. Áirítear ar shainsoláthar, curaclaim dhírithe a sholáthar do pháistí faoi mhíbhuntáiste, agus soláthar a fhreastalaíonn ar pháistí faoi mhíbhuntáiste i suíomhanna ainmnithe atá ar leithligh ó sholáthar príomhshrutha.

*I gComhpháirtíocht um Leas an Phobail*, bhí 25 moladh a bhí rangaithe i gcúig théama: Croímhaoiniú; Dul i nGleic le Míbhuntáiste; Bearta Inacmhainneachta; Bainistíocht Táillí; Ról an Stáit. Ghlac an Rialtas le gach ceann de na 25 moladh ina n-iomláine.

# Bosca 1: Treoirphrionsabail atá mar bhonn le Níos Fearr le Chéile

## Straitéiseach

Ba chóir an tsamhail chistithe seo a bhunú ar an tuiscint go ndéanann FCLÓ agus CLAS freastal ar leas an phobail, go soláthraíonn siad infheistíocht riachtanach i bhfolláine agus i bhforbairt páistí, agus gur tacaíocht thábhachtach iad d'fhás eacnamaíochta agus do chothromas sóisialta. Ba chóir go gcuirfeadh sí seirbhísí FCLÓ agus CLAS ar fáil atá d'ardcháilíocht, inacmhainne, inrochtana agus inbhuanaithe, chun féachaint le tacú le soláthar an luacha phoiblí seo. Laistigh den chreat sin, ba chóir go bhféachfadh sí le dul i ngleic leis na fadhbanna móra atá roimh pháistí, tuismitheoirí, soláthraithe, oibrithe agus an Stát.

Cé go n-admhaímid go bhfuil cur chuige reatha “margaithe” ann i dtaca le FCLÓ agus CLAS, ba chóir go dtacódh an tsamhail chistithe le dea-úsáid na n-uirlisí bainistíochta poiblí atá ar fáil chun dul i ngleic le haon bhearnaí a thuigtear a bheith sa chur chuige seo.

Ba chóir go dtacódh an tsamhail chistithe, más féidir, le forbairtí eile a bheidh ag teacht aníos san earnáil (amhail an Plean Forbartha don Lucht Saothair agus an t-athbhreithniú ar an tsamhail oibriúcháin), agus ba chóir go bhféachfadh sí le fadhbanna a bhaineann le cuir chuige chistithe reatha a réiteach.

## Leanbhlárnach

Ba chóir maoiniú a leithdháileadh chun leasa páistí.

I bhfianaise róil tuismitheoirí mar phríomhoideachasóirí, ba chóir go dtacódh maoiniú FCLÓ agus CLAS le comhpháirtíochtaí idir tuismitheoirí agus soláthraithe a chuireann feabhas ar fhorbairt páistí.

Le maoiniú, ba chóir go gcuirfí tacaíocht bhreise ar fáil do pháistí atá faoi mhíbhuntáiste agus páistí a bhfuil riachtanais bhreise acu chun rochtain chothrom ar FCLÓ agus CLAS, an rannpháirtíocht iontu agus an leas a bhaintear astu a fheabhsú.

## Teaghlachdhírithe

Ba chóir do mhaoiniú FCLÓ agus CLAS tacú le tuismitheoirí atá i bhfostaíocht, oideachas nó oiliúint, agus ba chóir go gcuirfí san áireamh leis, a mhéid agus is féidir, riachtanais agus roghanna réasúnacha tuismitheoirí.

Ba chóir don mhaoiniú tacú le huilíochas forchéimnitheach, chun níos mó tacaíochta a chur ar fáil de réir a chéile do theaghlaigh a bhfuil riachtanais níos mó acu, ach a dhóthain uilíochta a choinneáil chun tairbhe fhoriomlán FCLÓ agus CLAS an infheistíocht chomhroinnte iontu a léiriú.

Ba chóir don mhaoiniú na costais atá ar theaghlaigh mar thoradh ar FCLÓ agus CLAS a mhaolú.

## Fórsa oibre gairmiúil a bhfuil ardmheas air

Ba chóir go gcuirfí san áireamh sa mhaoiniú go bhfuil cáilíocht FCLÓ agus CLAS ag brath ar cháilíocht an fhórsa oibre a chuireann na seirbhísí sin ar fáil. Dá réir sin, ba chóir dó earcú agus coinneáil foirne a bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha acu, a chur chun cinn; oiliúint agus forbairt leanúnach foirne; pá agus coinníollacha oibre cothroma; agus fórsa oibre a airíonn go bhfuil meas air agus atá spreagtha chun an tseirbhís is fearr agus is féidir a chur ar fáil do pháistí.

## Earnáil Inniúil

Ba chóir don mhaoiniú feabhsú cáilíochta, nuálaíocht, agus oibriú idirghníomhaireachta leanúnach a dhreasú. Ba chóir don tsamhail chistithe a bheith ag athrú i gcónaí: ba chóir di suaitheadh gearrthéarmach a íoslaghdú agus an deis a chur ar fáil d'athruithe fadtéarmacha inmhianaithe agus tacú leo.

Cé go bhfuil meas ar an éagsúlacht scála agus seirbhíse atá á cur ar fáil faoi láthair, ba chóir go gceadódh maoiniú na hathruithe níos fadtéarmaí atá de dhíth chun tacú le hearnáil inbhuanaithe.

Ba chóir don mhaoiniú na costais réasúnacha ar sholáthraithe as soláthar na seirbhíse atá de dhíth a léiriú, lena n-áirítear na costais dhifreálacha a bhaineann le soláthar d'aoiseanna difriúla.

Ba chóir don mhaoiniú a bheith faoi réir rialáil láidir agus cuntasachta le haghaidh cistí poiblí, ach ní mór don rialáil agus cuntasacht a bheith éifeachtach ó thaobh costas de chun an maoiniú atá ar fáil do sholáthar na seirbhísí féin a uasmhéadú.

## Forbairt agus Cur Chun Feidhme

Ba chóir an tsamhail chistithe a fhorbairt le hionchur ó thuismitheoirí, páistí, soláthraithe, an fórsa oibre, agus páirtithe leasmhara eile.

Ba chóir don tsamhail chistithe a bheith fianaisebhunaithe, agus ba chóir sonraí reatha, taighde litríochta agus samhlacha dea-chleachtais a bheith mar bhunús léi. Ba chóir go mbeadh meicníochtaí inti chun sonraí a bhailiú, a mheas agus a athbhreithniú sa todhchaí.

Ba chóir don tsamhail chistithe a bheith réadúil agus go mbeifí ábalta í a chur i bhfeidhm go praiticiúil.

Ba chóir don tsamhail chistithe a bheith chomh trédhearcach agus is féidir, ba chóir go mbeadh gnéithe athraitheacha ionchorpraithe ann atá oibiachtúil agus intomhaiste ar bhonn comhsheasmhach trasna an chórais.

## Grúpa Stiúrtha Tús Cothrom

Tionóladh Grúpa Stiúrtha in 2023 chun Tús Cothrom a fhorbairt. Is í an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a rinne cathaoirleacht ar an nGrúpa Stiúrtha agus bhí oifigigh ó roinnt aonad ar fud na Roinne chomh maith le hoifigigh ón Roinn Oideachais agus ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus ionadaithe ó Tús Níos Fearr, Coistí Cúraim Páistí na hÉireann, Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CSLD)/Tusla agus Pobal mar chuid de.

Chuir an Grúpa Stiúrtha le hobair an tSainghrúpa - is iad na treoirphrionsabail a bhí acu ná bonn a chur le samhail chistithe FCLÓ agus CLAS, lena gcuid moltaí agus a dtaighde agus na páipéir chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara. Chuir an Grúpa seo, le tacaíocht ón nGrúpa Teicniúil, faoi stiúir Pobal, obair thosaigh an tSainghrúpa chun samhail sainaitheanta a dhearadh chun cinn.

Tharraing an Grúpa Stiúrtha ar fhianaise eile, náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear torthaí ó athbhreithniú ar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí arna fhoilsiú in 2021, chomh maith le torthaí atá i ndiaidh teacht chun cinn ó athbhreithniú ar an gClár COLÓ, meastóireacht ar SRC, athbhreithniú ECFE ar shamhail DEIS agus ar chlár béilí in FCLÓ agus CLAS a reáchtáladh ar bhonn píolótach agus a ndearnadh meastóireacht air in 2023.

## Comhairliúchán Tús Cothrom

Chun cur le comhairliúchán páirtithe leasmhara a rinne an Sainghrúpa agus chun bonn eolais a chur faoi dhearadh Tús Cothrom, chuaigh an Grúpa Stiúrtha i dteagmháil, go déthaobhach, le príomh-Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais chomh maith le heagraíochtaí ionadaíocha, soláthraithe, oideachasóirí luathbhlianta agus cleachtóirí CLAS trí shraith d'agallaimh leathstruchtúrtha - 20 ceann san iomlán. Reáchtáladh go neamhspleách roinnt ceardlann ar líne agus ar an láthair ina ndearnadh scrúdú ar bhacainní reatha, dúshláin agus fadhbanna a bhaineann le míbhuntáistí maidir le rochtain a fháil ar FCLÓ agus CLAS agus le rannpháirtíocht iomlán iontu, agus sainaithníodh grúpaí tosaíochta, agus tacaíochtaí agus gníomhartha a d'fhéadfaí a chur chun cinn in Tús Cothrom.

Is féidir liosta a fháil de Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais agus Eagraíochtaí eile a ndeachthas i dteagmháil leo mar chuid d'fhorbairt Tús Cothrom sna hAguisíní.

Bhain an Grúpa Stiúrtha leas as teagmháil le tuismitheoirí le tacaíocht ón gComhghuaillíocht um Chearta Leanaí, a rinne suirbhé ar líne ar thuismitheoirí, thar ceann na Roinne, as ar tháinig 156 freagairt, agus reáchtáil siad ceithre ghrúpa fócais, ar fhreastal 20 tuismitheoir[10]. Tríd an bpróiseas seo, fuarthas léargas ar eispéiris tuismitheoirí i dtaca le rochtain ar FCLÓ agus CLAS agus lena rannpháirtíocht iontu, chomh maith leis na tacaíochtaí ba mhaith leis na tuismitheoirí a fheiceáil mar chuid den tsamhail nua. Tá tuarascáil ar thorthaí ón suirbhé seo agus ó ghrúpaí fócais ar fáil anseo.

10 Tá na sonraí seo á n-ullmhú faoi láthair lena bhfoilsiú ar dheaiseanna idirghníomhacha ar shuíomh gréasáin Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige.

## Achoimre ar Thorthaí an Chomhairliúcháin

Le linn na teagmhála le páirtithe leasmhara, bhí daoine ar aon tuairim ann i dtaca le grúpaí páistí a bhfuil deacrachtaí acu rochtain a fháil ar FCLÓ agus CLAS agus páirt iomlán a ghlacadh iontu: paistí ó theaghlaigh ísealioncaim, páistí ó theaghlaigh le tuismitheoirí aonair, páistí den Lucht Siúil, páistí den Phobal Romach, páistí teifeach agus páistí atá ar lorg cosanta idirnáisiúnta, páistí le riachtanais bhreise, agus páistí nach í an Ghaeilge ná an Béarla a gcéad teanga. Bhí páistí ó theaghlaigh a bhfuil dúshláin ar leith rompu, amhail andúil nó fadhbanna meabhairshláinte, á lua go minic le linn an phróisis chomhairliúcháin.

Leag páirtithe leasmhara béim ar an raidhse bacainní atá roimh na bpáistí seo maidir le rochtain a fháil ar FCLÓ agus CLAS agus páirt iomlán a ghlacadh iontu. Baineann roinnt de na bacainní le saincheisteanna níos leithne i dtaobh inacmhainneachta (lena n-áirítear costais as póca as táillí arna ngearradh) agus áiteanna a bheith ar fáil, agus luaigh páirtithe leasmhara dúshláin ar leith i dtaca le háiteanna lánaimseartha agus páirtaimseartha le haghaidh páistí óga, áiteanna i gceantair thuaithe agus áiteanna le haghaidh páistí ar aois scoile, go háirithe lasmuigh den téarma. Cuireadh béim ar shaincheisteanna níos leithne i dtaobh CLAS, amhail dúshláin a bhain le rochtain ar thacaíochtaí oibre baile agus ar ghníomhaíochtaí do pháistí in aois scoile, dúshláin, dar le páirtithe leasmhara, arbh iad caighdeáin rialála agus cáilíochtaí éagsúla in CLAS ba chúis leo.

I measc bacainní eile i dtaca le rochtain a fháil ar FCLÓ agus CLAS agus páirt iomlán a ghlacadh iontu, a bhaineann go sonrach le páistí faoi mhíbhuntáiste (ach gan a bheith teoranta dóibh) bhí feasacht íseal i measc teaghlach i dtaobh na dtacaíochtaí atá ann faoi láthair (ar iliomad cúiseanna lena n-áirítear fadhbanna teanga agus litearthachta), dúshláin i dtaca le rochtain ar theicneolaíocht dhigiteach chun teacht ar scéimeanna agus deacrachtaí maidir leis an gcóras iarratais a láimhseáil, chomh maith le faitíos i measc teaghlach roimh shuíomhanna FCLÓ agus CLAS, nó easpa iontaoibhe ag teaghlaigh astu, - mar gheall ar thaithí roimhe seo.

Thuairiscigh páirtithe leasmhara chomh maith go séantar ligean isteach ar chohóirt áirithe go minic – go háirithe páistí den Lucht Siúil nó den phobal Romach - i suíomhanna FCLÓ agus CLAS agus go mbíonn dúshláin ar leith ann roimh pháistí gan dídean nó i gcóiríocht Cosanta Idirnáisiúnta mar gheall go ndéantar teaghlaigh a athlonnú go minic. I measc na ndúshlán eile ar leagadh béim orthu bhí na costais bhreise a bhain le héarlaisí, nithe breise roghnacha agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim, easpa iompair, agus an líon teoranta tacaíochtaí SRC atá ar fáil do pháistí faoi mhíchumas.

Luadh gur bhacainn shuntasach roimh pháistí ar pháirt a ghlacadh in FCLÓ agus CLAS iad bunriachtanais páistí faoi mhíbhuntáiste nach bhfuiltear ag freastal orthu i suíomhanna – amhail ocras agus tuirse – agus gur bacainn eile í feasacht agus ionadaíocht chultúir theoranta sna suíomhanna féin chomh maith le comhdhéanamh an fhórsa oibre.

In éineacht leis an easpa éagsúlachta san fhórsa oibre, dúradh freisin go bhfuil cumas an fhórsa oibre ina bhacainn ar rannpháirtíocht, mar gheall ar an méid ama atá ar fáil don fhoireann chun tacú go héifeachtach le riachtanais pháistí atá faoi mhíbhuntáiste agus mar gheall ar na scileanna atá acu, agus leagadh béim ar an ngá atá le hoiliúint shonrach chomh maith le foireann speisialtóireachta. Ábhar buartha eile ab ea foireann a earcú agus a choinneáil, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint den chaidreamh idir ball foirne agus páiste.

Cuireadh an-chuid réiteach i láthair chun dul i ngleic leis na saincheisteanna seo.

Bhí roinnt de na réitigh a moladh lasmuigh de raon feidhme Tús Cothrom, in ainneoin gur thug siad léargas tábhachtach agus cuirfidh siad bonn eolais faoi fhorbairt bheartais FCLÓ agus CLAS níos leithne. Mar shampla, moladh áirithe ar na scéimeanna reatha, mar shampla, uaireanta agus seachtainí maoinithe chlár COLÓ a mhéadú, SRC a shíneadh níos faide ná clár COLÓ agus athruithe ar dhearadh na Scéime Náisiúnta Cúraim Leanaí a thabhairt isteach. Cuireadh béim freisin ar an ngá atá le hinfheistíocht chaipitil chun dul i ngleic leis an easpa soláthair agus bhí béim láidir chomh maith ar réitigh fórsa oibre leathana i dtaca le pá agus coinníollacha, oiliúint tosaigh agus leanúnach agus éagsúlacht, agus sainaithníodh macallaí idir na cinn seo agus gealltanais a luadh in *Scileanna a Chothú*(Plean Fórsa Oibre le haghaidh FCLÓ agus CLAS, 2022-2028).

I measc réitigh eile atá laistigh de raon feidhme Tús Cothrom bhí feachtas cumarsáide chun feasacht a spreagadh i measc teaghlach faoi mhíbhuntáiste i dtaobh na dtacaíochtaí atá ar fáil dóibh agus i dtaobh na tábhachta a bhaineann le FCLÓ agus CLAS go ginearálta. Bhí béim freisin ar bhearta sonracha chun rannpháirtíocht tuismitheoirí in FCLÓ agus CLAS a neartú, rud a chabhródh le hiontaoibh a mhéadú, muintearas a chothú agus a chruthódh deiseanna níos mó chun freastal ar riachtanais uathúla gach páiste.

Mhol páirtithe leasmhara tacaíochtaí sonracha chun a chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais ábharacha páistí i suíomhanna (e.g. béilí agus éadaí) chomh maith le tacaíochtaí chun gur féidir an líon paistí sa rang a laghdú agus am neamhtheagmhála a mhéadú.

Bhí páirtithe leasmhara ar aon tuairim gur chóir go mbeadh tacaíochtaí uilíocha chomh maith le tacaíochtaí spriocdhírithe ann. Mar sin féin, thug siad rabhadh nár chóir do thacaíochtaí spriocdhírithe a bheith spriocdhírithe ar bhonn tíreolaíochta amháin.

Bhí páirtithe leasmhara soiléir freisin gur chóir freagairtí saincheaptha a bheith ar fáil, in éineacht le freagairtí leathana, mar gheall ar na riachtanais éagsúla atá ag páistí faoi mhíbhuntáiste. Tagraíodh go minic freisin do thacaíochtaí a mhaireann níos faide ná FCLÓ agus CLAS, agus sainaithníodh go raibh gá le saintacaíochtaí agus i dtaca le maoiniú nua agus tacaíochtaí nua atá ag teastáil nach mór ualaigh mhóra shuntasacha riaracháin a sheachaint, más féidir.

Is féidir teacht ar thorthaí níos mionsonraithe ón bpróiseas comhairliúchán anseo.

# CUR CHUIGE TÚS COTHROM



## Cuspóir agus spriocanna

Samhail chistithe is ea Tús Cothrom, chomh maith le sraith beart comhlachaithe uilíoch agus spriocdhírithe chun tacú le rochtain ar Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (FCLÓ) agus i gcúram leanaí ar aois scoile (CLAS) agus rannpháirtíocht iontu do leanaí agus a dteaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste.

Chun tacú leis an gcuspóir uileghabhálach seo, tá sraith beart in Tús Cothrom chun tacú le páistí, suíomhanna agus teaghlaigh. Is iad na spriocanna atá ag Tús Cothrom ná:

- Go mbeadh rochtain agus rannpháirtíocht chothrom ag gach **leanbh**, go háirithe leanaí atá faoi mhíbhuntáiste, i suímh FCLÓ agus CLAS.
- Cuireann gach **suíomh**, FCLÓ agus CLAS, go háirithe suímh atá ag feidhmiú i gcomhthéacs míbhuntáiste comhchruinnithe, foghlaim agus cúram leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste chun cinn go cothrom.
- Tugtar an chumhacht do **thuismitheoirí agus do theaghlaigh**, go háirithe tuismitheoirí agus teaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste, an t-eolas, na huirlisí agus na tacaíochtaí is gá a bheith acu dóibh chun go mbeidh rochtain agus rannpháirtíocht chothrom ag leanaí in FCLÓ agus CLAS.

## Páistí i ngrúpaí tosaíochta

Níos minice ná a mhalairt, cónaíonn páistí faoi mhíbhuntáiste i bpobail faoi mhíbhuntáiste, mar sin luífidh sé go mór le ciall má thugtar tús áite do pháistí a chónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste le haghaidh Tús Cothrom. Tá contúirt ann má táthar ag brath air seo amháin chun críocha páistí a chur in ord tosaíochta, go bhféadfaí neamhaird a thabhairt ar pháistí faoi mhíbhuntáiste nach gcónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste. In obair a rinne Frontier Economics agus iad i mbun *Comhpháirtíocht um Leas an Phobail* a fhorbairt, aimsíodh nach bhfuil an oiread sin comhchruinniú geografach míbhuntáiste in Éirinn i gcomparáid le tíortha eile.[11] Dá mbeifí ag brath go hiomlán ar shuíomh a chur in ord tosaíochtaí, bhainfí ónár gcumas tacaíochtaí Tús Cothrom atá saincheaptha do riachtanais ghrúpaí ar leith a chur ar fáil dóibh. Ar na cúiseanna sin, in éineacht le tús áite a thabhairt do pháistí a chónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste, sainaithníodh na grúpaí tosaíochta seo a leanas chomh maith:

- Páistí den Lucht Siúil
- Páistí ón bPobal Romach
- Páistí atá ag baint leas as an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí trí chomhlacht urraíochta[12]
- Páistí gan dídean
- Páistí atá sa Chóras Cosanta Náisiúnta

11 Frontier Economics, Páipéar Oibre 5: Cuir Chuige i dtaca le Páistí nó Suíomhanna a shainaithint a bhfuil Tacaíocht Bhreise de Dhíth orthu, 2020

12 Is iad na Comhlachtaí Urraíochta don Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí:
- An tAire Oideachais chun cabhrú le tuismitheoirí faoi bhun 18 mbliana d'aois fanacht san oideachas nó san oiliúint trí rochtain a fháil ar sheirbhísí cúraim leanaí
- An tAire Leanaí chun rochtain ar sheirbhísí cúraim leanaí a éascú d'iarratasóirí de réir bhrí Alt 2 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015 agus dídeanaithe cláir de réir bhrí alt 59 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015 ionas go bhféadfadh tuismitheoirí rochtain a fháil ar oideachas lánpháirtíocht agus tacaíochtaí ábhartha eile.
- Tusla chun cur ar chumas páistí a bhfuil cúram nó cosaint bhreise de dhíth orthu a bheith rannpháirteach i seirbhís cúraim leanaí mar chuid de sholáthar cúraim leanaí agus seirbhísí tacaíochta Teaghlaigh na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach chun leas na bpáistí sin a chur chun cinn.
- FSS chun cur ar chumas páiste atá faoi bhun 4 bliana d'aois agus nach bhfuil rollaithe i gclár réamhscoile agus nach bhfreastalódh ar sheirbhís cúraim leanaí murach seo, a bheith rannpháirteach i seirbhís cúraim leanaí i gcás gur sainaithníodh go bhfuil gá le cúram leanaí mar thacaíocht bhreise don timpeallacht bhaile chun riachtanais forbartha an pháiste sin a chomhlíonadh.
- Údaráis Áitiúla chun tacú le teaghlaigh gan dídean nó atá chun dídean a fháil, rochtain a fháil ar sheirbhísí cúraim leanaí.

Rinneadh na grúpaí seo a shainaithint bunaithe ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear fianaise thaighde (e.g. maidir le forleithne míbhuntáiste i ngrúpaí éagsúla), torthaí comhairliúcháin, tosaíochtaí beartais náisiúnta, chomh maith leis na ceanglais atá ar Éirinn faoin Ráthaíocht Eorpach do Leanaí.[13] Cúis eile ab ea tacaíochtaí a bheith ar fáil cheana féin do roinnt grúpaí (i.e. tacaíochtaí SRC arbh ann dóibh cheana féin le haghaidh páistí le riachtanais bhreise) agus sonraí riaracháin a bheith ar fáil a thabharfadh an deis dúinn na grúpaí tosaíochta a aithint chun críocha tacaíochtaí Tús Cothrom a leithdháileadh.

In ainneoin go raibh sonraí riaracháin reatha ar fáil go héasca chun roinnt de na cohóirt tosaíochta seo a shainaithint (e.g. páistí a bhaineann leas as an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí trí atreorú urraíochta), níor mhór roinnt beart a chur i bhfeidhm le cinntiú gur féidir gach cohórt eile a shainaithint.

Bailítear sonraí riaracháin nua – Éirchód agus eitneacht an linbh – go rialta ón gclár COLÓ agus ó iarratais ar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, rud a fhágann gur féidir páistí i gceantair faoi mhíbhuntáiste a shainaithint (mar ionadú le haghaidh míbhuntáiste socheacnamaíoch) agus páistí den Lucht Siúil agus den Phobal Romach a shainaithint.

In éineacht leis sin, táthar tar éis nasc a dhéanamh idir liostaí geochódaithe de gach cóiríocht do dhaoine gan dídean, de gach Ionad Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta agus/nó de gach Ionad Fáiltithe/Treoshuímh Éigeandála agus sonraí riaracháin FCLÓ agus CLAS, rud a fhágann gur féidir gach páiste i suíomhanna FCLÓ agus CLAS a chónaíonn i gcóiríocht do dhaoine gan dídean nó ar iarrthóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta iad a shainaithint.

## Tacaíochtaí uilíocha agus spriocdhírithe

Glacfaidh Tús Cothrom cur chuige srathach, lena n-ionchorpraítear tacaíochtaí uilíocha, tacaíochtaí dírithe ar leanaí agus tacaíochtaí atá dírithe ar shuíomh. Cinnteoidh an cur chuige cisealaithe seo go mbainfidh gach páiste agus gach suíomh leas as contanam tacaíochtaí (maoiniú breise agus tacaíochtaí eile araon) a léiríonn contanam an riachtanais.

Bainfidh na tacaíochtaí uilíocha le gach páiste agus gach suíomh, rud a léiríonn an tábhacht atá le rochtain ar dheiseanna ardcháilíochta FCLÓ agus CLAS agus rannpháirtíocht iontu a chinntiú do pháistí ó gach cúlra.

Bainfidh na tacaíochtaí atá dírithe ar leanaí le grúpaí tosaíochta páistí atá faoi mhíbhuntáiste (a ainmnítear mar chohóirt tosaíochta Tús Cothrom) i ngach suíomh FCLÓ agus CLAS, rud a aithníonn an gá le tacaíocht do na grúpaí tosaíochta seo, chomh maith leis an ngá atá le freagairtí saincheaptha chun freastal ar a riachtanais ar leith.


Bainfidh na tacaíochtaí ar leibhéal suímh le gach suíomh FCLÓ agus CLAS a oibríonn i gcomhthéacs an mhíbhuntáiste chomhchruinnithe (a ainmnítear mar shuíomh thosaíochta Tús Cothrom), rud a aithníonn iarmhairtí géaraithe an mhíbhuntáiste chomhchruinnithe agus an gá atá ag suíomh a oibríonn sa chomhthéacs seo le freagairt shaincheaptha, mar atá i gceist leis an tsamhail DEIS i scoileanna.

13 Is iad na grúpaí a sainaithníodh sa Ráthaíocht Eorpach do Leanaí: leanaí gan dídean nó leanaí atá faoi dhrochdhíothacht tithíochta leanaí faoi mhíchumas leanaí a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu leanaí a bhfuil cúlra imirceach nó mionlaigh eitnigh acu leanaí faoi chúram malartach, go háirithe institiúideach agus leanaí atá i staideanna teaghlaigh chontúirteacha.

**Uilíoch**
**Gach páiste agus gach seirbhís**

**Spriocdhírithe ar pháistí**
**Gach páiste le hainmniú tosaíochta**

**Dírithe ar shuímh**
**Gach suíomh le hainmniú tosaíochta**




**Eochair:**

- Bearta i suíomhanna spriocdhírithe
- Bearta i ngach suíomh

## Samhail sainaitheanta

Sainaithníonn samhail sainaitheanta Tús Cothrom, ar bhealach oibiachtúil, cohóirt tosaíochta Tús Cothrom (cohóirt leanaí faoi mhíbhuntáiste) agus suíomh thosaíochta Tús Cothrom (i.e. suímh a oibríonn i gcomhthéacs an mhíbhuntáiste chomhchruinnithe) le haghaidh tacaíochtaí faoi Tús Cothrom atá dírithe ar pháistí agus ar shuíomh.

Cuireann raon de shonraí riaracháin ar gach páiste atá cláraithe i ngach suíomh bonn leis an tsamhail sainaitheanta, go sonrach:[14]

- Innéacs Díothachta HP Pobal don cheantar beag ina bhfuil an páiste ina c(h)ónaí, a fhaightear ó Éirchód an pháiste.
- Grúpa nó cúlra eitneachta an pháiste (má tá sé ar fáil).
- Má bhaineann an páiste leas as an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí trí atreorú urraíochta nó má tá siad cláraithe le Clár Fóirdheontais Plus um Chúram Leanaí Pobail (CFPCLP).
- Má tá cónaí ar an bpáiste i gcóiríocht do dhaoine gach dídean.
- Má tá an páiste ina c(h)ónaí in Ionad Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta nó in Ionad Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála.

## Cohóirt Tosaíochta ainmnithe ag Tús Cothrom

Ainmneofar páistí mar chohórt tosaíochta Tús Cothrom má chomhlíonann siad ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas.

1. ina c(h)ónaí i gceantar beag arna ainmniú mar cheantar faoi dhíothacht faoi Innéacs Díothachta HP Pobal.
2. ó chúlra eitneach den Lucht Siúil nó ó chúlra eitneach Romach.
3. baineann sé nó sí leas as an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí trí atreorú urraíochta nó clárú CFPCLP.
4. ina c(h)ónaí í gcóiríocht do dhaoine gan dídean.
5. ina c(h)ónaí in Ionad Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta nó in Ionad Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála.

## Suíomhanna Tosaíochta ainmnithe ag Tús Cothrom

Ainmneofar suíomhanna a oibríonn i gcomhthéacs míbhuntáiste chomhchruinnithe mar shuíomhanna tosaíochta Tús Cothrom. Beidh dhá chéim i gceist leis na suíomhanna seo a shainaithint.

I dtosach báire ríomhfar scór míbhuntáiste ar leibhéal an pháiste, i leith gach páiste atá cláraithe i ngach suíomh. Ríomhfar an scór seo, agus uimhir idir 0 (is lú faoi mhíbhuntáiste) agus 2 (is mó faoi mhíbhuntáiste) a bheidh ann, leis an gcothromóid seo a leanas a úsáid:

14 Chuir an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) liosta geochódaithe ar fáil do Pobal maidir le gach soláthraí cóiríochta do dhaoine gan dídean. Cuirtear na sonraí seo le sonraí riaracháin FCLÓ agus CLAS, chun a shainaithint an bhfuil páiste ag fáil rochtain ar FCLÓ nó CLAS nó i gcóiríocht gan dídean nó is iarratasóir ar Chosaint Idirnáisiúnta é/í.


Má chomhlíonann an páiste ceann amháin de na critéir seo a leanas, sanntar scór 2 dó/dí:

1. Má tá an páiste ó chúlra eitneach den Lucht Siúil nó ó chúlra eitneach Romach.
2. Má bhaineann an páiste leas as an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí trí atreorú urraíochta nó trí chlárú CFPCLP.
3. Má tá cónaí ar an bpáiste i gcóiríocht do dhaoine gach dídean.
4. Má tá an páiste ina c(h)ónaí in Ionad Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta nó in Ionad Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála.

Mura gcomhlíonann an páiste aon cheann de na critéir thuas, ríomhfar scór ó 0 – 2 bunaithe ar an scór díothachta geografaí, trí úsáid a bhaint as innéacs Díothachta HP Pobal, atá ag an gceantar beag a bhfuil sé/ína c(h)ónaí ann:

1. Scór 0 d'aon cheantar beag atá níos airde ná -7.5[15]
2. Scór 2 d'aon cheantar beag atá -20 nó níos ísle
3. Scála aistritheach scór (z-scór) idir -7.5 agus -20

## Scóir díothachta ag leibhéal leanaí mar a dhéantar cur síos orthu trí scór do Dhíothacht Limistéir Bheaga a shannadh




*Fíor 2* *Scór Díothachta ar Leibhéal an Pháiste*

15 Seo an tairseach chéanna a úsáideann an Roinn Oideachais le haghaidh shamhail sainaitheanta DEIS.

Ina dhiaidh sin, ríomhfar scór míbhuntáiste ar leibhéal an tsuímh do gach suíomh. Ríomhfar an scór seo, agus uimhir idir 0 (is lú faoi mhíbhuntáiste) agus 2 (is mó faoi mhíbhuntáiste) a bheidh ann, leis an gcothromóid seo a leanas a úsáid:

$$\frac{Sum\ of\ Child\ Disadvantage\ Scores}{Number\ of\ Scheme\ Children} = Service\ Disadvantage\ Score$$

I ndiaidh sraith náisiúnta de scóir Tús Cothrom ar leibhéal an tsuímh a ríomh, déanfar na suíomhanna a rangú de réir a scór, agus ainmneofar suíomhanna a bhfuil scóir shuímh acu os cionn tairseacha réamhshocruithe mar shuíomhanna tosaíochta Tús Cothrom. Déanfar dhá chatagóir de shuíomhanna tosaíochta Tús Cothrom a shainaithint leis an gcur chuige seo - Leibhéal 2 (Faoi Mhíbhuntáiste) agus Leibhéal 1 (Go Mór Faoi Mhíbhuntáiste).

Déanfar líon shuíomhanna tosaíochtaí Tús Cothrom a nuashonrú gach bliain, agus ainmneofar aon soláthraí nua a sháraíonn an tairseach réamhshocraithe mar shuíomh tosaíochta. I gcás na suíomhanna arna n-ainmniú mar shuíomh tosaíochta, coinneoidh siad an t-ainmniú sin ar feadh timthriall dhá bhliain, rud a léiríonn an gá atá ag suíomhanna chun pleanáil a dhéanamh roimh ré. Maidir le suíomhanna a aithnítear nach sroicheann an tairseach go seasta le haghaidh ainmniú tosaíochta i ndiaidh thimthriall dhá bhliain, tabharfar bliain amháin dóibh chun aistriú amach as ainmniú tosaíochta Tús Cothrom. Ní aistreoidh seirbhísí as níos mó ná leibhéal amháin laistigh de thimthriall dhá bhliain, rud a fhágann go n-aistreofar seirbhís ainmnithe Leibhéal 1 go Leibhéal 2 ar a mhéad, seachas aistriú as ainmniú tosaíochta go hiomlán.

## Suíomhanna a dtabharfaidh Tús Cothrom tacaíocht dóibh

Tabharfaidh Tús Cothrom tacaíocht do gach suíomh ar Seirbhísí Comhpháirtíochta iad i dtaca le Croímhaoiniú – FCLÓ agus CLAS araon. Seirbhísí Comhpháirtíochta amháin a bheidh incháilithe. Freagraíonn sé seo do chomhairle an tSainghrúpa faoin tSamhail Chistithe, gur chóir rannpháirtíocht in Croímhaoiniú rannpháirtíocht i scéimeanna agus cláir níos leithne na Roinne a cheadú, agus gur chóir rochtain ar shruthanna maoinithe eile na Roinne a bheith oscailte do na suíomhanna sin amháin atá rannpháirteach in Croímhaoiniú.

Faoi mar a tharlaíonn le Croímhaoiniú, beidh feighlithe leanaí atá cláraithe le Tusla (atá rannpháirteach in Croímhaoiniú) in ann páirt a ghlacadh in Tús Cothrom ar bhonn píolótach ar an gcéad ásc. Cuirfidh ábhar arna fhoghlaim ón leathnú amach tosaigh bonn eolais faoi chinntí faoi cibé an bhfuil aon choigeartuithe de dhíth ar an mbealach a mbeidh feidhm ag Tús Cothrom maidir le feighlithe leanaí. Tá an cur chuige seo i gcomhréir le moltaí an tSainghrúpa faoin tSamhail Chistithe, a tháinig ar an tátal, "Creidimid go mbeadh sé réasúnta, i bprionsabal, na sruthanna nua maoinithe (Croímhaoiniú agus Tús Cothrom) a moladh sa tuarascáil seo a chur ar fáil d'fheighlithe leanaí cláraithe. Is féidir go mbeadh gá ann na difríochtaí maidir le costais soláthair agus difríochtaí oibriúcháin eile idir feighlíocht leanaí agus soláthar ionadbhunaithe a mheá. Molaimid gur chóir don Roinn cur chuige cuí a fhorbairt, ina gcuirtear an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí, (2021-2028) san áireamh." Ba chóir tagairtí do FCLÓ agus CLAS atá fud fad na tuarascála seo a thuiscint sa chomhthéacs sin. Agus beart Tús Cothrom á leathnú amach, déanfar tuilleadh machnaimh ar na sonraí i dtaca le conas a bheidh feidhm ag Tús Cothrom maidir le feighlithe leanaí.

# BEARTA UILÍOCHA (SNÁITHE 1)

## GACH PÁISTE AGUS GACH SUÍOMH



**Le snáithe 1 de Tús Cothrom, cuirfear bearta uilíocha ar fáil – bearta atá ar fáil i ngach suíomh agus lena dtacófar le heispéiris agus torthaí dearfacha do gach páiste. Le rochtain uilíoch na mbeart seo, tacófar le páistí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste is cuma cén FCLÓ nó CLAS a bhfreastalóidh siad air. Ina theannta leis sin, nuair a leathnófar amach na bearta ar dtús, tabharfar tús áite do spriocshuíomhanna agus spriocghrúpaí Tús Cothrom, ach is í an aidhm atá againn ná na bearta a leathnú amach chuig gach suíomh FCLÓ agus CLAS sa deireadh.[16]**

### Roinntear na bearta faoi Shnáithe 1 i dtrí chatagóir:

A. **Tuismitheoirí a chumhachtú –** tionscnamh cumarsáide chun tacú le tuismitheoirí (go háirithe tuismitheoirí ó phobail faoi mhíbhuntáiste) chun go mbeidís ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil dóibh (suímh FCLÓ agus CLAS agus tacaíochtaí tuismitheoirí araon), conas teacht orthu, agus cad iad na tacaíochtaí airgeadais a bheidh in ann cabhrú leo.

B. **Ionchuimsiú a leabú i suímh** – Oiliúint Éagsúlachta, Comhionannais agus Ceannaireachta do Chuimsiú (LINC) a athbhreithniú agus leathnú, tacaíocht do ról an Chomhordaitheora Ionchuimsithe a athbhreithniú, beartais riaracháin a neartú, agus tacú le rannpháirtíocht suíomh i gcomhoibriú idirghníomhaireachta ar mhaithe le leas agus cosaint páistí chun cabhrú le suíomhanna FCLÓ agus CLAS a bheith níos ionchuimsithí.

C. **Tacú le comhpháirtíocht idir suíomhanna, teaghlaigh agus pobail** – ról nua Comhordaitheora Comhpháirtíochta Teaghlaigh agus Pobail a fhorbairt i suíomh FCLÓ agus CLAS, oiliúint a chur ar fáil chun tacú leis an ról nua seo, ról comhairleach Tús Níos Fearr a leathnú chun tacú le Tús Cothrom, agus tacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí i suíomhanna.

## A. Tuismitheoirí a chumhachtú

### Cumarsáid maidir le tacaíochtaí FCLÓ agus CLAS

In ainneoin go ndearnadh iarrachtaí láidre ag an leibhéal náisiúnta (tríd an Roinn, agus Eagraíochtaí Náisiúnta Deonacha um Chúram Leanaí) agus an leibhéal áitiúil (trí Choistí Cúraim Leanaí Cathrach/Contae) chun feasacht a ardú ar roghanna FCLÓ agus CLAS agus tacaíochtaí airgeadais, tugann torthaí an chomhairliúcháin le fios go bhfuil leibhéil éagsúla eolais ann i dtaca le scéimeanna/cláir FCLÓ agus CLAS agus tacaíochtaí airgeadais, agus tá imní ar leith ann i dtaca leis na leibhéil eolais atá ag teaghlaigh faoi chineálacha éagsúla míbhuntáiste. Léiríonn sonraí ó phobalbhreith Ipsos a choimisiúnaigh an Roinn nach bhfuil suas go 40% de thuismitheoirí a bhfuil páistí faoi 15 acu eolach ar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí.

16 Mar, mar a cuireadh in iúl i **rannóg 4**, ní bheidh bearta Tús Cothrom ar fáil ach i Seirbhísí Comhpháirtíochta Croímhaoiniú.

Beidh feachtas cumarsáide agus teagmhála mar chuid de Tús Cothrom, ina gcuirfear faisnéis riachtanach ar fáil do thuismitheoirí agus spriocghrúpaí. Is í an aidhm a bheith aige:

- Cabhrú le go bhfaigheadh gach teaghlach agus páirtí leasmhar faisnéis ar bhealach níos cothroime;
- Scéimeanna/cláir agus tacaíochtaí atá ann faoi láthair a chur chun cinn;
- Cabhrú le tuismitheoirí agus teaghlaigh cinntí feasacha a dhéanamh agus rochtain a fháil ar thacaíochtaí riachtanacha;
- A chinntiú go mbaineann gach feachtas cumarsáide a spriocphobal amach.

Cuirfear faisnéis inrochtana ar fáil ar bhonn uilíoch chun eolas ar thacaíochtaí FCLÓ agus CLAS a mhéadú, ach saincheapfar cuid den chumarsáid chun díriú ar spriocghrúpaí ar leith. Beidh an Lucht Siúil agus an Pobal Romach, teaghlaigh gan dídean agus teaghlaigh atá chun dídean a fháil, agus teaghlaigh a bhog go hÉirinn ó thír eile ina spriocghrúpaí ar leith laistigh den chumarsáid.

## GNÍOMH 1: CUMARSÁID MAIDIR LE TACAÍOCHTAÍ FCLÓ AGUS CLAS

- Feachtas cumarsáide agus teagmhála ionchuimsitheach a fhorbairt i dtaobh FCLÓ, CLAS agus tacaíochtaí airgeadais do thuismitheoirí. Modhanna cumarsáide, príomhtheachtaireachtaí agus teangacha cumarsáide a dhíriú ar spriocghrúpaí Tús Cothrom. Teachtaireachtaí a fhorbairt agus a thástáil i gcomhpháirtíocht le grúpaí tosaíochta, lena n-áirítear an Lucht Siúil agus an pobal Romach, agus leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh.
- Cur in iúl go soiléir conas a úsáidfear faisnéis i dtaobh eitneachta in Tús Cothrom chun aon eagla a d'fhéadfadh ar bheith ar dhaoine den Lucht Siúil nó ón pobal Romach a mhaolú.

### Cumarsáid i dtaca le tacaíochtaí tuismitheoireachta

Is féidir go mbeidh brúnna agus dúshláin bhreise roimh thuismitheoirí agus teaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste. Tá roinnt acmhainní ann chun tacú le tuismitheoirí atá ag plé le timpeallachtaí agus dálaí deacra, ach ní chuirtear iad chun cinn ar bhonn gníomhach agus comhsheasmhach laistigh den earnáil FCLÓ agus CLAS. I bhfianaise na ndlúth-idirghníomhaíochtaí leanúnacha idir tuismitheoirí agus suíomhanna FCLÓ agus CLAS, agus ról tábhachtach shuíomhanna FCLÓ agus CLAS maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt luathfhoghlama agus iomlánaíoch páiste, tá deis ann don earnáil FCLÓ agus CLAS ról níos láidre a bheith acu maidir le tacú le tuismitheoirí. San áireamh sa ról seo do shuíomhanna FCLÓ agus CLAS tá tuismitheoirí a threorú chuig tacaíochtaí tuismitheoireachta atá ann cheana, agus i suíomhanna áirithe, tacaíochtaí tuismitheoireacht a sholáthar i suíomh FCLÓ agus CLAS tríd an suíomh é féin.

Má chinntítear go bhfuil na tacaíochtaí tuismitheoireachta de cháilíocht dhearbhaithe seo níos inrochtana, cabhrófar le tuismitheoirí faisnéis a rochtain agus a fháil a d'fhéadfadh tacú lena gcinnteoireacht agus le tacú leo dálaí deacra saoil a bharraíocht ar bhealach atá bunaithe ar fhianaise agus dea-chleachtas.

Fiú mura bhfuil gach suíomh FCLÓ agus CLAS in inmhe tacaíochtaí tuismitheoireachta a chur ar fáil iad féin, is féidir le gach suíomh tuismitheoirí a threorú chuig tacaíochtaí tuismitheoireachta, agus is é sin an fáth ar beart uilíoch é an gníomh cumarsáide seo laistigh de Tús Cothrom. Tacóidh an beart seo le forbairt ról an Chomhordaitheora Comhpháirtíochta Teaghlaigh agus Pobail, a phléifear i **rannóg C** thíos.

## GNÍOMH 2: CUMARSÁID I DTACA LE TACAÍOCHTAÍ TUISMITHEOIREACHTA

- Plean cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le hearnáil FCLÓ agus CLAS chun ról shuíomhanna FCLÓ agus CLAS a neartú i dtaca le tacaíochtaí tuismitheoireachta a chomharthú agus a sholáthar.

# B. Ionchuimsiú a leabú i Suíomhanna

## Leathnú amach Treoirlínte Éagsúlachta, Comhionannais agus Ionchuimsithe a nuashonrú agus a shíneadh

Nuair a tugadh SRC isteach in 2016, foilsíodh an *Chairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe agus Treoirlínte don Chúram agus don Oideachas Luath-óige*, ag an am céanna ar thacaigh forbairt oiliúna Éagsúlachta, Comhionannais agus Ionchuimsithe lena chur chun feidhme. In ainneoin go raibh SRC dírithe ar pháistí faoi mhíchumas, bhí aidhm níos leithne ag na Treoirlínte agus oiliúint tacú le héagsúlacht, comhionannas agus ionchuimsiú i suoímhanna FCLÓ ós rud é go raibh sé ar cheann de na tacaíochtaí uilíocha a bhí in SRC. Mar sin, is príomhthaca iad na Treoirlínte agus an oiliúint do Thús Cothrom freisin.

Reáchtáil Coistí Cúraim Leanaí Cathrach/Contae an clár oiliúna Éagsúlachta, Comhionannais agus Ionchuimsithe i suíomhanna a chuireann an clár COLÓ ar fáil ó 2016. Tá sé mar aidhm ag an oiliúint feasacht a mhéadú i dtaobh éagsúlachta, comhionannais agus ionchuimsithe agus chun daoine a oibríonn san earnáil a spreagadh agus chun tacú leo cur ar son ionchuimsiú gach páiste agus a dteaghlach laistigh den suíomh. Fiosraíonn sé saincheisteanna móra a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú agus cuireann sé cleachtas d'ardcháilíocht chun cinn.

Chuaigh breis is 3,000 suíomh i mbun oiliúint Éagsúlachta, Comhionannais agus Ionchuimsithe ó tugadh isteach í agus thuairiscigh an chuid is mó acu go raibh tionchar dearfach ag an oiliúint ar mheonta a mball foirne agus ar chleachtais i dtaca le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú.

Cé go bhfuil oiliúint Éagsúlachta, Comhionannais agus Ionchuimsithe fós ábhartha, i bhfianaise na n-athruithe a tháinig ar bheartais agus ar an tsochaí ó 2016, is mithid athbhreithniú a dhéanamh ar an oiliúint, agus iarracht as an nua a dhéanamh chun an oiliúint a chur ar fáil do sciar níos mó d'oideachasóirí luathbhlianta agus cleachtóirí CLAS.

### GNÍOMH 3: TREOIRLÍNTE ÉAGSÚLACHTA, COMHIONANNAIS AGUS IONCHUIMSITHE

- Saineolaí a fhostú chun athbhreithniú a dhéanamh ar oiliúint agus *Treoirlínte Éagsúlachta, Comhionannais agus Ionchuimsithe*, agus iad a nuashonrú i gcomhréir le Tús Cothrom agus athruithe a tháinig ar bheartais agus ar an tsochaí le déanaí.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis chun oiliúint Éagsúlachta, Comhionannais agus Ionchuimsithe a leathnú amach d'fhonn an sciar shuíomhanna FCLÓ agus CLAS agus baill foirne laistigh de na suíomhanna sin a rinne an oiliúint a mhéadú.

## Athbhreithniú a dhéanamh ar Ról an Chomhordaitheora Ionchuimsithe agus ar oiliúint LINC (Ceannaireacht do Chuimsiú)

Is é Ról an Chomhordaitheora Ionchuimsithe ná ceannaireacht a chur ar fáil laistigh de shuíomh FCLÓ i dtaca le saincheisteanna éagsúlachta, comhionannais agus ionchuimsithe. Bunaíodh ról an Chomhordaitheora Ionchuimsithe in 2016 trí SRC. Is é príomhról an Chomhordaitheora Ionchuimsithe ná chun cleachtas ionchuimsitheach, oideolaíocht ionchuimsitheach agus cultúr ionchuimsitheach laistigh de shuíomh FCLÓ a stiúradh, trí thacaíocht agus faisnéis a chur ar fáil do bhaill foirne agus tuismitheoirí i dtaca le hionchuimsiú gach páiste.

Chun a chinntiú go bhfuil na cáilíochtaí cuí ag na Comhordaitheoirí Ionchuimsithe, forbraíodh an clár oiliúna LINC (Ceannaireacht do Chuimsiú), rud a chuireann dámhachtain sainchuspóra ar fáil ar Leibhéal 6 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí chun tacú leis an ról go sonrach.

Tugadh tús áite do rochtain ar chlár LINC agus é mar sprioc againn a chinntiú go bhfuil Comhordaitheoir Ionchuimsithe amháin in aghaidh gach suímh, in 80% de na suímh ar a laghad nuair a leathnaíodh amach é ar dtús. Tugadh caipitíocht fhorlíontach isteach faoi chlár COLÓ le haghaidh suímh a bhfuil Comhordaitheoir Ionchuimsithe cáilithe acu chun rannpháirtíocht in LINC agus forbairt ról an Chomhordaitheora Ionchuimsithe a dhreasú.

De réir meastóireachta ar SRC, a foilsíodh le déanaí, aontaíonn 91% de sholáthraithe go mbíonn dea-thionchar ar chultúr, oideolaíocht agus cleachtas ionchuimsithe má tá Comhordaitheoir Ionchuimsithe ainmnithe i suíomh, agus measann siad gur acmhainn dhearfach é do cheannaireacht d'ionchuimsiú i suímh FCLÓ. Tugadh le fios sa tuarascáil chéanna, ó thaobh tuismitheoirí/caomhnóirí de, cé nár chuala aon duine acu faoi 'SRC Leibhéal 1' agus go raibh fíorbheagán (shuímh FCLÓ) ag úsáid an téarma 'Comhordaitheoir Ionchuimsithe', bhí siad ar an eolas, go hindíreach, faoi thábhacht Leibhéal 1.

Ina dhiaidh sin féin, cé go raibh glacadh maith le clár LINC, agus 5,153 céimí ón gclár, is ionann líon na gComhordaitheoirí Ionchuimsithe agus timpeall 2,600 faoi láthair.

Nuair a thabharfar Tús Cothrom isteach, déanfar athbhreithniú ar an ról seo agus ar oiliúint LINC, in éineacht le Treoirlínte Éagsúlachta, Comhionannais agus Ionchuimsithe. Samhlaítear go ndéanfar ról an Chomhordaitheora Ionchuimsithe a leathnú agus go dtabharfar tuilleadh freagrachta dó as rochtain agus ionchuimsiú páistí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear spriocghrúpaí Tús Cothrom.

I gcomhréir leis na gealltanais in *Scileanna a Chothú*, cuirfear le ról an Chomhordaitheora Ionchuimsithe le go mbeidh sé ina ról "ceannaireachta roinnte" ainmnithe laistigh de shuímh FCLÓ agus CLAS, d'fhonn "cleachtas ionchuimsitheach, oideolaíocht ionchuimsitheach agus cultúr ionchuimsitheach a stiúradh laistigh den suíomh, agus tacaíocht agus faisnéis a chur ar fáil do bhaill foirne agus do thuismitheoirí i dtaca le hionchuimsiú gach páiste agus tacaíocht agus aitheantas a thabhairt d'éagsúlacht san fhoireann" (Scileanna a Chothú, lch. 54).

Ina theannta, le leasú a dhéanamh ar an maoiniú atá ar fáil do shuímh a bhfuil Comhordaitheoirí Ionchuimsithe acu agus an maoiniú leasaithe ag brath ar Ordú Rialaithe Fostaíochta a chomhaontófar amach anseo ina n-aithneofar Comhordaitheoirí Ionchuimsithe mar róil uathúla/freagrachtaí breise, tacófar tuilleadh le glacadh agus coinneáil Comhordaitheoirí Ionchuimsithe. Tabharfar luach saothair d'fhostaí a thugann faoi ról an Chomhordaitheora Ionchuimsithe mar sin i gcomhréir leis na téarmaí agus coinníollacha arna leagan amach in Ordú Rialaithe Fostaíochta a d'fhéadfaí a bheith ann amach anseo.

## GNÍOMH 4: COMHORDAITHEOIR IONCHUIMSITHE AGUS OILIÚINT

- Athbhreithniú a dhéanamh ar ról an Chomhordaitheora Chuimsithe ag teacht le tosaíochtaí agus gealltanais Tús Cothrom i *Scileanna a Chothú*, agus athbhreithniú a dhéanamh ar oiliúint LINC chun tacú le ról nuashonraithe an Chomhordaitheora Cuimsithe.
- Geallann an Roinn leasú a dhéanamh ar mhaoiniú le haghaidh suíomhanna a bhfuil Comhordaitheoir Ionchuimsithe acu, agus beidh maoiniú leasaithe ag brath ar Ordú Rialaithe Fostaíochta a d'fhéadfaí a chomhaontú amach anseo ina n-aithneofar Comhordaitheoirí Ionchuimsithe mar róil ar leith/fhreagrachtaí breise a bhfuil a gcuid téarmaí agus coinníollacha gaolmhara acu.

## Treoir agus riachtanais a neartú le haghaidh beartais ligean isteach ionchuimsitheacha

Ní airíonn páistí agus teaghlaigh ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste go bhfuil fáilte rompu i gcónaí, nó go bhfuil siad sábháilte nó ionchuimsithe i suíomhanna FCLÓ agus CLAS. I dtorthaí an chomhairliúcháin a rinne an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí le tuismitheoirí den Lucht Siúil, leagadh an bhéim ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach, easpa feasachta i measc baill foirne agus easpa oiliúint chultúrtha mar bhacainní roimh rannpháirtíocht páistí den Lucht Siúil. Tá na rátaí rannpháirtíochta atá ag páistí den Lucht Siúil agus ón bpobal Romach i gclár COLÓ i bhfad níos ísle ná an meán náisiúnta.

Tá sé de cheanglas reachtúil ar gach suíomh FCLÓ "beartas ionchuimsithe" a bheith acu, agus is í an chiall a luaitear leis sin "beartas ina luaitear go sonrach an bealach ina gcinntítear go bhfuiltear ag freastal sa suíomh ar riachtanais (lena n-áirítear riachtanais fhisiciúla, mhothúchánacha agus intleachtúla agus creideamh (más ann dó)) gach páiste réamhscoile atá ag freastal ar an suíomh." In ainneoin go luaitear go sonrach i gCreat Cáilíochta agus Rialála Tusla gur chóir an beartas ionchuimsithe a fhorbairt i gcomhréir leis an gCairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe agus Treoirlínte agus gur chóir go gcuimseodh sé "conas a chinntíonn suíomhanna comhionannas rochtana ar an suíomh do gach páiste", ní cheanglaíonn na rialacháin ar shuíomhanna beartais ligean isteach ionchuimsitheacha a bheith acu.

Faoi láthair, ní cheanglaítear ar shuíomhanna CLAS beartas ionchuimsithe a bheith acu, mar is rialacháin tosaigh iad na rialacháin reatha le haghaidh shuíomhanna CLAS a dhíríonn go príomha ar riachtanais chláraithe. Mar sin féin, moltar sna *Treoirlínte Náisiúnta do Sheirbhísí CLAS* gur chóir go mbeadh "beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe a thacaíonn le rannpháirtíocht gach páiste/gach duine óg" ag seirbhísí CLAS. Áirítear orthu seo páistí/daoine óga ó mhionlaigh aitheanta, is cuma cén cúlra cultúrtha, cumas, nó míchumas atá acu", agus gheall an rialtas go dtabharfaí rialacháin chuimsitheacha le haghaidh sheirbhísí CLAS.

Cuireann na hAchtanna um Stádas Comhionann cosc le leithcheal ar fhorais chomhionannais (seachas ar bhonn aoise) i dtaca le ligean isteach i seirbhísí FCLÓ (mar "bhunachas oideachais"). Ní shonraítear seirbhísí CLAS ar an mbealach céanna ach tá siad cumhdaithe faoin gcosc ginearálta ar leithcheal i dtaca le hearraí nó seirbhísí a sholáthar. Do pháiste atá faoi mhíchumas, ceanglaíonn an reachtaíocht ar an soláthraí gach is féidir leis/léi a dhéanamh le réasún chun freastal ar an bpáiste.

Faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá sé de dhualgas ar chomhlachtaí poiblí (mar a shainítear san acht) agus a gcuid feidhmeanna á gcomhlíonadh acu, leithcheal a chealú, comhionannas deise a chur chun cinn agus cearta daonna a mball foirne agus na daoine a soláthraíonn siad seirbhísí dóibh a chosaint. Is féidir go n-áireofar eagraíochtaí atá páirtmhaoinithe nó lánmhaoinithe ó airgead poiblí sa sainmhíniú ar chomhlachtaí poiblí chun na críocha seo.

Chun tacú le cuir chuige ionchuimsitheacha i dtaca le ligean isteach i suímh FCLÓ agus CLAS, beidh forbairt treorach ar ligean isteach mar chuid de Tús Cothrom, agus iniúchfar ann an féidir riachtanais rialála a thabhairt isteach chun ceangal ar shuímh beartas ligean isteach ionchuimsitheacha a bheith acu.

## GNÍOMH 5: BEARTAIS IONTRÁLACHA IONCHUIMSITHEACHA

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an treoir maidir le beartais ionchuimsithe le cinntiú go bhfuil tacaíocht agus aitheantas leordhóthanach iontu le haghaidh grúpaí tosaíochta lena n-áirítear paistí agus teaghlaigh ón Lucht Siúil agus ón bPobal Romach.
- Treoir a sholáthar i dtaca le beartais ligean isteach, agus ceanglais rialála a fhiosrú a d'fhéadfaí a thabhairt isteach chun go mbeadh beartas ligean isteach ionchuimsitheach ag seirbhísí FCLÓ agus CLAS.
- Mar chuid de rialacháin chuimsitheacha a thabharfar isteach le haghaidh seirbhísí CLAS, ceanglas rialála a thabhairt isteach chun go mbeadh beartas ionchuimsitheach ag seirbhísí CLAS.
- Déanfar a mheas ar chóir na dualgais a eascraíonn as Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 a chur ar sheirbhísí FCLÓ agus CLAS.

### Tacú le ról sheirbhísí FCLÓ agus CLAS maidir le comhoibriú idirghníomhaireachta ar mhaithe le leas agus cosaint leanaí

De réir sonraí ón Suirbhé Próifíle Bliantúil Earnáil na Luathbhlianta, bíonn suíomh amháin as gach ceithre cinn i dteagmháil le Tusla nó le seirbhísí tacaíochta teaghlaigh (26%) agus le FSS (24%) gach mí ar a laghad.

Tá próiseas Meitheal i measc na n-áiteanna inar féidir le seirbhísí FCLÓ agus CLAS róil thábhachtach a bheith acu i dtaca le comhoibriú idirghníomhaireachta chun tacú le páistí. Is éard atá i Meitheal ná próiseas comhordaithe cásanna do theaghlaigh a bhfuil riachtanais bhreise acu agus a dteastaíonn idirghabháil idirghníomhaireachta uathu ach nach bhfuil an tairseach le haghaidh atreorú chuig Rannóg Oibre Sóisialta Tusla faoi Tús Áite do Leanaí sroichte acu.

Is féidir go mbeidh dúshláin roimh sheirbhísí FCLÓ agus CLAS i dtaca le bheith rannpháirteach sna róil seo, go háirithe maidir leis an am foirne agus bainistíochta is féidir a bheith i gceist leis a chur ar fáil. Mar chuid de Tús Cothrom, déanfar forbairt ar threoir agus tacaíochtaí le haghaidh sheirbhísí FCLÓ agus CLAS chun tacú le seirbhísí a bheith rannpháirteach i gcomhoibriú idirghníomhaireachta amhail próisis Meitheal.

Déanfar a mheas freisin ar chóir ceangal ar sheirbhísí Comhpháirtíochta Croímhaoiniú a bheith rannpháirteach i bpróisis Meitheal, rud a thabharfadh aitheantas don mhaoiniú breise a chuirtear a fáil trí Chroímhaoiniú i gcomhair am neamhtheagmhála.

## GNÍOMH 6: COMHOIBRIÚ IDIRGHNÍOMHAIREACHTA UM LEAS AGUS COSAINT LEANAÍ

- Treoir agus tacaíocht do sheirbhísí FCLÓ agus CLAS a láidriú ar chomhoibriú idirghníomhaireachta um leas agus cosaint leanaí.
- A mheas an bhféadfadh rannpháirtíocht i bpróisis Meitheal a bheith riachtanach i gcomhair Seirbhísí Comhpháirtithe Croímhaoiniú.

## Ciste um Theagmhas Criticiúil

Eachtra is ea teagmhas criticiúil a sháraíonn gnáthchumas déileála na seirbhíse. D'fhéadfadh seirbhísí aghaidh a thabhairt ar raon cineálacha teagmhas criticiúil, idir bás baill den tseirbhís, ionsaithe fisiciúla nó damáiste trom ar mhaoin. Le déanaí, thar ceann RLCMLÓ, d'fhoilsigh Barnados treoir do sheirbhísí FCLÓ agus CLAS ar phleanáil le haghaidh teagmhas criticiúil agus conas freagairt dóibh, le cabhair ó Choistí Cúraim Leanaí Cathrach/Contae agus an Grúpa Oibre Náisiúnta um Theagmhais Chriticiúla.[17]

Tá sé riachtanach ciste speisialta a fhorbairt chun le tacú le páistí agus le baill foirne atá buailte le teagmhais chriticiúla a bhfolláine fhisiciúil agus mheabhrach a chinntiú le linn amanna deacra. D'fhéadfadh an Ciste Teagmhas Criticiúil, mar shampla, iarratas seirbhíse a mhaoiniú ar sheisiúin teiripe súgartha, nó tacaíochtaí comhairleoireachta agus folláine do bhaill foirne.

### GNÍOMH 7: CISTE UM THEAGMHAS CRITICIÚIL

- **Ciste um Theagmhas Criticiúil a fhorbairt chun tacú le páistí agus baill foirne atá buailte le teagmhais chriticiúla.**

## Tacaíochtaí folláine d'oideachasóirí agus cleachtóirí luathbhlianta

Luadh na leibhéil arda struis agus traochta atá le feiceáil i measc oideachasóirí agus cleachtóirí luathbhlianta i rith phróiseas comhairliúcháin Tús Cothrom, a bhfuil tionchar ag pá íseal agus drochdhálaí oibre, easpa aitheantais agus ualaigh riaracháin agus rialála orthu. Luaigh na páirtithe leasmhara go bhfuil ualaigh níos troime ar oideachasóirí agus cleachtóirí luathbhlianta a oibríonn le páistí agus teaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste, go háirithe iad siúd atá ag obair i suímh atá ag feidhmiú i gcomhthéacs an mhíbhuntáiste chomhchruinnithe. Laghdaíonn strus agus traochadh cáilíocht idirghníomhaíochtaí agus eispéiris na bpáistí agus bíonn ráta ard athraithe foirne mar thoradh, rud a théann i bhfeidhm ar chomhsheasmhacht agus cáilíocht chúraim.

Agus é ag teacht le beartais níos leithne chun pá agus dálaí oibre a fheabhsú, chun tacú le hearcaíocht agus coinneáil, agus chun riarachán agus rialáil a chuíchóiriú, forbróidh agus leathnóidh Tús Cothrom tacaíochtaí folláine amach le haghaidh oideachasóirí agus cleachtóirí luathbhlianta le haghaidh suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim leanaí chun gur féidir timpeallachtaí oibre níos tacúla a chruthú don fhoireann.

Is iad torthaí Shuirbhé Idirnáisiúnta maidir le Teagasc agus Foghlaim ECFE (TALIS Starting Strong) ina bhfuil Éire rannpháirteach in 2024, chomh maith le comhairliúchán le páirtithe leasmhara a chuirfidh bonn eolais faoi fhorbairt na dtacaíochtaí sin.

### GNÍOMH 8: TACAÍOCHTAÍ FOLLÁINE D'OIDEACHASÓIRÍ AGUS CLEACHTÓIRÍ LUATHBHLIANTA

- **Tacaíochtaí folláine a fhorbairt agus a thabhairt isteach le haghaidh oideachasóirí agus cleachtóirí luathbhlianta, in éineacht le tacaíochtaí do shuíomhanna luathoideachais agus cúraim leanaí chun gur féidir timpeallachtaí oibre níos tacúla a chruthú do bhaill foirne.**

17 Barnardos (2023) *Teagmhais Chriticiúla i Seirbhísí Foghlama agus Cúraim na Luathóige agus Seirbhísí Cúraim Leanaí ar Aois Scoile: Pleanáil agus Freagairt*

# C. Tacú le comhpháirtíocht idir suíomhanna, teaghlaigh agus pobail

## Comhordaitheoirí Comhpháirtíochta Teaghlaigh agus Pobail

Tá comhpháirtíocht le tuismitheoirí ar cheann de cholúin lárnacha chreatchuraclam luath-óige *Aistear* agus *Síolta* an Chreatlach náisiúnta d'Oideachas Luath-Óige, agus is fócas é de chuid *Threoir Chleachtais Aistear Siolta*.

*Shainaithin Scileanna a Chothú* ról a thiocfaidh chun cinn laistigh de shuíomhanna FCLÓ agus CLAS, is é sin le rá an Comhordaitheoir Comhpháirtíochta Teaghlaigh agus Pobail, "comhpháirtíocht agus teagmháil idir teaghlaigh agus an soláthraí seirbhíse a stiúradh agus tacú leis, agus soláthar clár tuismitheoireachta a thriail ar bhonn píolótach trí sheirbhísí FCLÓ agus CLAS" (lch.54). Beidh forbairt an róil nua bhreise seo i suíomhanna mar chuid de Tús Cothrom, agus tabharfar aitheantas don tábhacht a bhaineann le teagmháil idir suíomhanna, teaghlaigh agus pobail chun tacú le rochtain ag páistí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste ar FCLÓ agus CLAS agus chun tacú lena rannpháirtíocht iontu.

Is féidir bacainní i dtaca le heolas agus faisnéis faoi sheirbhísí atá ar fáil dóibh a bheith roimh theaghlaigh atá faoi chineálacha éagsúla míbhuntáiste. Is féidir bacainní a bheith roimh theaghlaigh ar thacaíochtaí agus seirbhísí a rochtain. Mar shampla, is féidir próiseas don Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí a bheith dúshlánach do thuismitheoirí agus teaghlaigh, i.e. rochtain a fháil ar an tairseach ar líne, na sonraí atá ag teastáil a bheith acu chun iarratas a dhéanamh ar líne agus a thuiscint cén leibhéal tacaíochta ar chóir cur isteach air.

I gcomhréir leis an gcur chuige a leagadh amach in Scileanna a Chothú, ról "ceannaireachta roinnte" a bheidh sa ról nua ina mbeidh – dála ról an Chomhordaitheora Ionchuimsithe – freagrachtaí breise do dhuine laistigh den tseirbhís ach a d'fhéadfadh duine ar bith laistigh den tseirbhís, i bprionsabal, tabhairt fúthu, is cuma más oideachasóir luathbhlianta é/í, nó cleachtóir CLAS, nó príomhoideachasóir, nó bainisteoir. Formhór den am, leanfaidh an Comhordaitheoir Comhpháirtíochta Teaghlaigh agus Pobail ag obair go díreach le páistí mar oideachasóir nó cleachtóir CLAS, bíodh is go mbeidh freagrachtaí breise air/uirthi. Ag brath ar an tseirbhís, is féidir gur ról comhroinnte leis an gComhordaitheoir Ionchuimsithe a bheidh ann nó comhroinnte le ball foirne eile a oibríonn i bpáirt leis an gComhordaitheoir Ionchuimsithe.

Mar atá i gceist le hoiliúint LINC do ról an Chomhordaitheora Ionchuimsithe, forbrófar sainoiliúint chun go mbeidh duine ina C(h)omhordaitheoir Comhpháirtíochta Teaghlaigh agus Pobail. Ar an gcéad dul síos, tabharfar tús áite d'oiliúint i seirbhísí a bhfuil Tús Cothrom dírithe orthu, ach i ndiaidh ama – agus ag brath ar an maoiniú atá ar fáil – leathnófar an ról chun seirbhísí eile FCLÓ agus CLAS ar bhonn uilíoch.

Beidh ról tábhachtach ag Comhordaitheoirí Comhpháirtíochta Teaghlaigh agus Pobail i mbearta eile de chuid Tús Cothrom ina bhfuil teagmháil le tuismitheoirí mar chuid de, lena n-áirítear gníomhartha chun tuismitheoirí a chumhachtú faoi Bheart A (cumarsáid i dtaca le tacaíochtaí FCLÓ agus cumarsáid i dtaca le tacaíochtaí tuismitheoireachta) agus gníomhartha chun tacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí i suímh.

Beidh roinnt macallaí idir an ról agus ról Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (TBSP) laistigh de scoileanna DEIS, agus táthar ag súil go mbeidh teagmháil idir Comhordaitheoirí Comhpháirtíochta Teaghlaigh agus Pobail agus Comhordaitheoirí TBSP agus go bhforbrófar caidreamh idir na scoileanna ina mbeidh páistí ag dul isteach sna naíonáin shóisearacha.

4. Feicfidh páistí iad féin mar fhoghlaimeoirí cumasacha.

Baineann roinnt de na prionsabail agus caighdeáin cháilíochta atá leagtha amach i *Síolta* le cuspóirí Tús Cothrom, lena n-áirítear na prionsabail seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Comhionannas: | "Is saintréith riachtanach de chúram agus oideachas luath-óige ar ardchaighdeán é comhionannas. … Éilíonn sé go n-aithnítear riachtanais agus cumais aonair gach linbh agus go dtabharfar tacaíocht dó/di ón uair a rugadh é/í go dtí go mbainfear amach a c(h)umas uathúil. Ciallaíonn sé seo gur chóir go mbeadh gach leanbh in ann rochtain a fháil ar sheirbhísí luathbhlianta, páirt a ghlacadh iontu agus leas a bhaint astu ar bhonn comhionann." |

22 Tá Aistear á nuashonrú faoi láthair, agus tá sé beartaithe an creat nuashonraithe a fhoilsiú i R3 2024.

Éagsúlacht: "Aithníonn suíomhanna luath-óige an éagsúlacht agus bíonn meas acu uirthi, agus cinntíonn siad go ndeimhnítear féiniúlacht phearsanta, chultúrtha agus teanga gach linbh agus gach teaghlaigh. … Ba chóir go léireodh timpeallachtaí luath-óige ardchaighdeáin meas ar éagsúlacht trí mhothú muintearais a chur chun cinn do gach leanbh laistigh d'oidhreacht chultúrtha na hÉireann. Ba chóir go gcuirfidís eispéiris shaibhre agus ilghnéitheacha ar fáil a thacóidh le cumas leanaí luach a chur ar éagsúlacht shóisialta agus chultúrtha."

## Treoirlínte Náisiúnta Cáilíochta do Sheirbhísí Cúraim Leanaí ar Aois Scoile

Tá na *Treoirlínte Cáilíochta Náisiúnta do Sheirbhísí CLAS* ar aon dul le creat cáilíochta *Síolta* d'oideachas na luath-óige i suíomhanna FLC. Tá clár tosaigh um ardú feasachta ar na *Treoirlínte Cáilíochta Náisiúnta do Sheirbhísí CLAS* á fhorbairt faoi láthair. Ina theannta sin, ag teacht le tiomantais i *Cothú Scileanna*, tá tús curtha le hobair ar cháilíocht Leibhéal 5 a fhorbairt i CLAS a bheidh, tar éis tréimhse tosaigh, ina cháilíocht íosta amach anseo chun oibriú i CLAS. Beidh na *Treoirlínte Cáilíochta Náisiúnta do Sheirbhísí CLAS* mar thaca ag an gcáilíocht nua leibhéal 5 agus ag na rialacháin chuimsitheacha ar CLAS a fhorbrófar freisin sna blianta atá le teacht.

Cosúil le *Síolta*, leagtar amach sna *Treoirlínte Cáilíochta Náisiúnta do Sheirbhísí CLAS* prionsabail agus treoirlínte maidir le dea-chleachtas. Cosúil le *Síolta*, áirítear lena prionsabail, prionsabail maidir le comhionannas agus éagsúlacht:

- "Tacaíonn an fhoireann agus na leanaí le comhionannas, éagsúlacht agus neamh-idirdhealú."
- "Ní mór do sheirbhísí cúram leanaí d'aois scoile tacú le hionadaíocht agus rannpháirtíocht leanaí in aois scoile ó chúlraí éagsúla."

## Cothú Scileanna

*Áiríonn Cothú Scileanna, an Plean Fórsa Saothair le haghaidh LFC agus CLAS 2022-2028*, roinnt gealltanas chun éagsúlacht a neartú san fhórsa saothair LFC agus CLAS. *Tá Cothú Scileanna* tiomanta do:

- *An Chairt agus na Treoirlínte um Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú* a chomhtháthú leis an gcreat nua féinmheastóireachta do shuíomhanna LFC – a bheidh, i gcomhréir leis na gealltanais sa *Phlean Forfheidhmithe Na Chéad Chúig 2023-2025*, ina chreat cáilíochta aonair le haghaidh féinmheastóireachta agus meastóireachta seachtraí araon ar shuíomhanna LFC.
- Chomh maith le cur chun cinn níos leithne gairmeacha san earnáil, tabharfar faoi obair chun cothromaíocht inscne agus éagsúlacht a chur chun cinn san fhórsa saothair LFC agus CLAS. Áireofar ar na gníomhaíochtaí comhoibriú le heagraíochtaí ionadaíocha agus gréasáin éagsúlachta ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon.
- Neartófar bailiú sonraí agus taighde ar éagsúlacht san fhórsa saothair LFC agus CLAS. Déanfar machnamh ar aitheantóirí eitneacha agus cinn eile a chur san áireamh má bhunaítear clár náisiúnta d'Oideoirí Luathbhlianta. Nuair a bheidh sonraí bonnlíne ar fáil, breithneofar spriocanna don éagsúlacht san fhórsa saothair LFC agus CLAS agus/nó maidir le hiontráil ar chúrsaí oideachais tosaigh gairmiúla ag leibhéil 5 go 8.
- Déanfar iniúchadh ar raon bealaí isteach san earnáil (lena n-áirítear printíseachtaí nó foghlaim eile bunaithe ar an obair, agus cláir rochtana sa bhreisoideachas agus san ardoideachas). Agus bealaí éagsúla isteach san earnáil á mbreithniú, scrúdófar scóip chun díriú ar ábhar Oideoirí Luathbhlianta agus Cleachtóirí CLAS ó ghrúpaí nach bhfuil an oiread sin ionadaíochta acu sa lucht oibre.

## Dearbhú cáilíochta

Díríonn rialacháin agus iniúchtaí ar sheirbhísí LFC ar chleachtas cuimsitheach. Éilíonn na rialacháin go mbeadh polasaí cuimsithe ag gach seirbhís LFC, "ina gcinntítear go ndírítear sa tseirbhís ar riachtanais (lena n-áirítear riachtanais fhisiciúla, mhothúchánacha agus intleachtúla agus creideamh (más ann)) na leanaí réamhscoile go léir a fhreastalaíonn ar an tseirbhís", agus go bhfuil faisnéis agus, nuair is gá, oiliúint ag gach ball foirne sa bheartas cuimsitheachta.

Éilíonn Creat Cáilíochta agus Rialála Tusla go bhforbróidh seirbhísí COLÓ a mbeartas cuimsitheachta de réir na *Cairte agus na dTreoirlínte um Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú*, agus gur chóir go leagfadh an beartas cuimsithe amach conas a chinntíonn an tseirbhís comhionannas rochtana, a chruthaíonn cultúr cuimsitheachta, a léiríonn éagsúlacht ina trealamh agus ábhar, agus ina bhfreagraíonn sí do chlaonadh nó leithcheal.

Ina theannta sin, déanann Cigireacht na Roinne Oideachais iniúchtaí atá dírithe ar an oideachas ar sheirbhísí LFC. Tá an *Treoir do Chigireachtaí Oideachais sna Luathbhlianta* bunaithe ar chreat cáilíochta náisiúnta Síolta agus ar chreat curaclaim Aistear. I measc na 20 príomhthoradh a ndéantar measúnú orthu mar chuid den chigireacht, tá an méid seo a leanas:

- Cothaíonn atmaisféar agus eagrú an tsuímh foghlaim agus forbairt na mbabaithe agus na leanaí óga agus tacaíonn siad le cuimsiú gach linbh.
- Cothaítear braistint féiniúlachta agus muintearas na bpáistí.
- Foghlaimíonn leanaí i dtimpeallacht chuimsitheach.
- Cothaítear bealaí soiléire cumarsáide dhá threo idir an suíomh luathfhoghlama agus cúraim, tuismitheoirí, teaghlaigh, babaithe agus leanaí óga.

## Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití

Tagann Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann 2024-2033: Gach Foghlaimeoir ó Bhreith go hAosacht Óg mar chomharba ar an Straitéis Foghlama agus Saoil 2011-2020. Cuimsíonn an straitéis nua seo suíomhanna LFC agus scoileanna, chomh maith le tacaíochtaí chun litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a fhorbairt i dteaghlaigh agus i bpobail.

Áiríonn an straitéis fócas láidir ar thacú le foghlaimeoirí éagsúla, lena n-áirítear leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus spriocghrúpaí tosaíochta. Agus éagsúlacht mhéadaitheach shochaí na hÉireann á léiriú aici, léiríonn an straitéis éagsúlacht na dteangacha a labhraítear i dtithe leanaí freisin.

## Beartas Náisiúnta Aistrithe

Tá obair ar bun chun beartas náisiúnta aistrithe a fhorbairt. Díreoidh an polasaí ar raon aistrithe, lena n-áirítear an t-aistriú ón mbaile go dtí an LFC, na haistrithe trí LFC, agus an t-aistriú chuig an mbunscoil.

Áireofar sa bheartas fócas láidir ar ghrúpaí leanaí ar dóichí go mbeidh deacrachtaí coigeartaithe acu le linn na n-aistrithe seo, lena n-áirítear leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.

## Bainistíocht soláthair

Bunaíodh Aonad Bainistíochta Soláthair sa Roinn in 2024. Cuid lárnach de shainchúram an Aonaid um Bainistíocht Soláthair a bheidh ann ná feidhm phleanála a fhorbairt chun monatóireacht, anailís agus réamhaisnéis a dhéanamh ar riachtanais soláthair, ag teacht le moladh ón nGrúpa

Saineolaithe i *gComhpháirtíocht ar mhaithe le Leas an Phobail*. Forbróidh an tAonad beartas freisin chun freagairt d'fhianaise ar mhí-ailíniú soláthair agus éilimh, lena n-áirítear trí dhearadh agus seachadadh an Chláir Caipitil i mBloicíní Tógála, arna mhaoiniú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta.

Ag teacht le cláir infheistíochta caipitil ar mhórscála roimhe seo, lena n-áirítear na Cláir Chomhdheiseanna Cúraim Leanaí (EOCP I, 1998-99 agus EOCP II, 2000-06) agus an Clár Infheistíochta Náisiúnta um Chúram Leanaí (NCIP, 2006-2010), tabharfaidh an Clár Caipitil i mBloicíní Tógála tosaíocht d'infheistíocht i limistéir faoi mhíbhuntáiste.

Cuireann Deontas um Mhéadú Acmhainne na mBloicíní Tógála maoiniú ar fáil do sheirbhísí chun líon na n-áiteanna lánaimseartha nó páirtaimseartha a mhéadú do leanaí 1-3 bliana d'aois trí athchóiriú inmheánach agus athchumrú. Maoiníonn an scéim tionscadail ar luach idir €50,000 agus €100,000 iad. Mar aitheantas ar an gclaonadh do sheirbhísí pobail (seachbhrabúsach) a bheith lonnaithe i gceantair ina bhfuil líon ard leanaí faoi mhíbhuntáiste, tá maoiniú 100% á chur ar fáil do sheirbhísí pobail le haghaidh tionscadail leathnaithe. I gcodarsnacht leis sin, beidh ar sheirbhísí príobháideacha (brabúis) maoiniú meaitseála 50% de chostais an tionscadail a sholáthar. Tá €18 milliún á chur ar fáil don scéim seo in 2024.

Cuirfidh Deontas um Mhéadú Acmhainne na mBloicíní Tógála maoiniú ar fáil do sheirbhísí chun líon na n-áiteanna lánaimseartha nó páirtaimseartha do leanaí 1-3 bliana d'aois a mhéadú trí shíneadh a chur ar an bhfoirgneamh atá acu cheana féin. Tá an scéim sa chéim deartha agus tá sé beartaithe í a sheoladh níos déanaí in 2024 le maoiniú a chur ar fáil do sheirbhísí in 2025. Tá roinnt príomhghnéithe á mbreithniú faoi láthair, lena n-áirítear tús áite a thabhairt do mhaoiniú do sheirbhísí a bhfuil ainmniúchán tosaíochta Tús Cothrom acu, le hualú dearfach do shuíomhanna ainmnithe Tús Cothrom.

## Leasú ar an tsamhail oibriúcháin

I mí an Mhárta 2022, ghlac an Rialtas le torthaí an Athbhreithnithe neamhspleách ar Shamhail Oibriúcháin LFC agus CLAS in Éirinn gurb í gníomhaireacht stáit tiomnaithe an tsamhail oibriúcháin is fearr don earnáil do na blianta amach romhainn. Tá sé i gceist go dtabharfaidh an ghníomhaireacht thiomanta seo faoi na feidhmeanna atá á ndéanamh faoi láthair ag Pobal Luathbhlianta (lena n-áirítear Tús Níos Fearr), na Coistí Cúraim Leanaí Cathrach/Contae, chomh maith leis na feidhmeanna oibríochtúla atá á ndéanamh ag an Roinn faoi láthair.

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir leis an gclár athchóirithe uaillmhianach agus claochlaitheach seo a chur chun cinn. Tá tús curtha ag an Roinn le céim chuimsitheach anailíse, pleanála, comhairliúcháin agus rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara earnála, chun a chinneadh conas is fearr an moladh a eascraíonn as an Athbhreithniú a chur i bhfeidhm. Áiríonn an chéim seo dearadh mionsonraithe ar ghníomhaireacht nua, lena n-áireofar na struchtúir náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla cuí a chinneadh.

Príomh-mholadh i *gComhpháirtíocht ar mhaithe le Leas an Phobail* ná gur cheart freagracht as níos mó for-rochtana agus rannpháirtíochta in LFC agus CLAS ag teaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta agus míbhuntáiste a shannadh do na struchtúir áitiúla, a eascraíonn as an athchóiriú seo.

## Tacaíochtaí agus cláir tuismitheoireachta

Maoiníonn an Roinn Tusla chun seirbhísí tacaíochta do thuismitheoirí a sholáthar go díreach agus trí sheirbhísí coimisiúnaithe ag brath ar an ngá atá leo. Chomh maith le tacaíochtaí tuismitheoireachta uilíoch ar nós cúrsaí tuismitheora, ceardlanna agus grúpaí tacaíochta, cuirtear tacaíocht tuismitheoireachta duine le duine ar fáil freisin ó raon leathan seirbhísí gairmiúla agus tacaíochta do thuismitheoirí ar nós oibrithe sóisialta agus síceolaithe.

Tá pleananna i bhfeidhm chun rochtain ar thacaíochtaí tuismitheoireachta a mhéadú do theaghlaigh atá níos mó faoi mhíbhuntáiste.
Áirítear leo sin:

- Cuairt tí: Agus torthaí athbhreithnithe náisiúnta ar sheirbhísí cuairte baile á gcur san áireamh, úsáidfear maoiniú ón gCiste Leanaí chun Clár Náisiúnta Cuairte Baile a fhorbairt laistigh de Tusla a bhfuil sé mar aidhm aige líon na seirbhísí cuairte baile do thuismitheoirí a mhéadú le béim ar leith ar theaghlaigh den Lucht Siúil agus ar thuismitheoirí aonair;
- Clár Tacaíochta do Thuismitheoirí don Lucht Siúil: In 2024, fuair an Roinn maoiniú do Tusla don chlár Tacaíochta do Thuismitheoir don Lucht Siúil a phríomhshruthú isteach i seachadadh an chroíchláir trí Chomhpháirtíocht um Chosc Tacaíochta Teaghlaigh (CCTT) Tusla. Déanfar an clár a sheachadadh in 11 limistéar agus beidh oibrí Nasc Teaghlaigh i ngach ceann díobh. Tá sé mar aidhm ag an gclár Tacaíochta do Thuismitheoirí den Lucht Siúil aghaidh a thabhairt ar idirghabháil agus tacaíocht níos luaithe do thuismitheoirí ón Lucht Siúil. Ar cheann d'aidhmeanna an chláir tá cumas tuismitheoirí den Lucht Taistil a mhéadú chun cláir tacaíochta do thuismitheoirí a fháil ar bhealach atá oiriúnach agus tacúil ó thaobh an chultúir de; agus
- Le tacaíocht ó Chiste Sóisialta na hEorpa:
  - méadú ar thacaíochtaí tuismitheoireachta do thuismitheoirí óga, trí 4 shuíomh nua a thabhairt isteach agus 11 láithreán reatha de chuid an Chláir Tacaíochta do Thuismitheoirí Óga a leathnú.
  - 17 gcleachtóir tacaíochta teaghlaigh a earcú chun tacú le teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht IPAS.

# CUR CHUN FEIDHME



## Maoirseacht

Bunófar Grúpa Maoirseachta Tús Cothrom, faoi chathaoirleacht na Roinne, chun maoirseacht agus bainistiú náisiúnta a sholáthar ar Tús Cothrom, i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha. Beidh Foireann tiomnaithe Tús Cothrom, laistigh den Roinn, i gceannas ar chur i bhfeidhm Tús Cothrom, agus Pobal ina riarthóir scéime.

Chomh maith le cur i bhfeidhm Tús Cothrom, rannchuideoidh an Fhoireann Tionscadal Tús Cothrom le Foireann Forfheidhmithe Níos Fearr le Chéile níos leithne laistigh den Roinn. Is é an cuspóir a bheidh leis ná a chinntiú go leanfar ar aghaidh ag forbairt na sraitheanna éagsúla den tsamhail mhaoinithe (an clár COLÓ, SRC, an NCS, Croímhaoiniú agus Tús Cothrom) mar shamhail mhaoinithe atá idirnasctha agus comhtháite, ag teacht le treoirphrionsabail uileghabhálacha na samhla maoinithe agus cuspóirí beartais.

## Amlíne

Comhlíonann Tús Cothrom príomhghealltanas sna *Chéad Chúig* agus tá sé beartaithe go mbeidh cur i bhfeidhm iomlán na 17 ngníomh Tús Cothrom ar fad laistigh de shaolré na Straitéise seo - faoi 2028 - le trí chéim ar leith. Ní mór tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar ghníomhartha eile atá leagtha amach i gCuid 8 (Forbairt sa Todhchaí) sular féidir amlínte feidhmithe a chinneadh.

Mar is amhlaidh le gach tionscnamh maoinithe de chuid an Rialtais, ní mór acmhainní a lorg le haghaidh gníomhartha Tús Cothrom trí phróiseas na meastachán bliantúil agus ní mór don Oireachtas vótáil orthu. Leithdháileadh €4.5 milliún i mBuiséad 2024 chun tús a chur le cur i bhfeidhm gníomhartha Tús Cothrom ó Mheán Fómhair 2024 (is ionann é sin agus €13.5 milliún i gcostais bhliana iomlána).

## Céim 1 (2024-2025)

Teastaíonn bunobair shuntasach ó thaobh Tús Cothrom de, lena n-áirítear athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar threoir atá ann cheana féin agus treoir nua a fhorbairt, athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar róil speisialta agus cláir oiliúna reatha (do Chomhordaitheoirí Cuimsithe) chomh maith le róil agus cláir oiliúna nua a fhorbairt (do Chomhordaitheoirí Comhpháirtíochta Teaghlaigh agus Pobail). Beidh dian-teagmháil le príomhpháirtithe leasmhara ag teastáil sa Chéim seo freisin chun freagraí saincheaptha a fhorbairt do chohóirt áirithe leanaí agus pleanáil don ról leathnaithe comhairleach Tús Níos Fearr. Tabharfar faoi an-chuid den bhunobair seo le linn na tréimhse forfheidhmithe tosaigh.

Tabharfar tús áite do mhaoiniú spriocdhírithe ag leibhéal an tsocraithe i gCéim 1, ag tosú le tabhairt isteach tacaíochtaí foirne ó Mheán Fómhair 2024.

## Céim 2 (2026-2027)

I gCéim 2, tabharfar isteach maoiniú spriocdhírithe tosaigh ar leibhéal an linbh (i.e. freagraí saincheaptha agus maoiniú do sheirbhísí chun tacú le leanaí faoi mhíbhuntáiste a bhfuil riachtanais phraiticiúla acu) mar aon le treoir nua agus nuashonraithe agus oiliúint agus tacaíochtaí gaolmhara. Chomh maith leis sin, sa Chéim seo, osclófar an Clár Ceannaireachta don Chuimsiú nuashonraithe agus clár nua maidir le Comhordaitheoirí Comhpháirtíochta Teaghlaigh agus Pobail don chéad uair, agus maidir le spásanna, tabharfar tosaíocht do shuíomhanna atá ainmnithe ag Tús Cothrom.

## Céim 3 (ó 2028)

I gCéim 3 cuirfear na 17 ngníomh Tús Cothrom i bhfeidhm go hiomlán.

| BEARTA UILÍOCHA | |
|---|---|
| A | Cumhacht a thabhairt do thuismitheoirí |
| 1. Cumarsáid maidir le tacaíochtaí FCLÓ agus CLAS | Feachtas cumarsáide agus teagmhála ionchuimsitheach a fhorbairt i dtaobh FCLÓ, CLAS agus tacaíochtaí airgeadais do thuismitheoirí. Modhanna cumarsáide, príomhtheachtaireachtaí agus teangacha cumarsáide a dhíriú ar spriocghrúpaí Tús Cothrom. Teachtaireachtaí a fhorbairt agus a thástáil i gcomhpháirtíocht le grúpaí tosaíochta, lena n-áirítear an Lucht Siúil agus an pobal Romach, agus leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh.<br><br>Cur in iúl go soiléir conas a úsáidfear faisnéis i dtaobh eitneachta in Tús Cothrom chun aon eagla a d'fhéadfadh ar bheith ar dhaoine den Lucht Siúil nó ón pobal Romach a mhaolú. |
| 2. Cumarsáid i dtaca le tacaíochtaí tuismitheoireachta | Plean cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an earnáil LFC agus CLAS chun ról na seirbhísí LFC agus CLAS a neartú i dtreoir agus i seachadadh tacaíochtaí tuismitheoireachta. |
| B | Cuimsiú a leabú |
| 3. Rolladh amach na dTreoirlínte um Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú a uasdátú agus a leathnú | Saineolaí a fhostú chun athbhreithniú a dhéanamh ar na *Treoirlínte agus oiliúint maidir le hÉagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsitheacht*, agus uasdátú a dhéanamh ar aon dul le Tús Cothrom agus athruithe le déanaí sa bheartas agus sa tsochaí.<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis le haghaidh rolladh amach na hoiliúna ar Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú d'fhonn méadú suntasach a dhéanamh ar an gcéatadán de sheirbhísí LFC agus CLAS agus na foirne atá ag obair sna seirbhísí sin a rinne an oiliúint. |
| 4. Athbhreithniú a dhéanamh ar Ról an Chomhordaitheora Ionchuimsithe agus ar oiliúint LINC (Ceannaireacht do Chuimsiú) | Athbhreithniú a dhéanamh ar ról an Chomhordaitheora Chuimsithe ag teacht le tosaíochtaí agus gealltanais Tús Cothrom i *Scileanna a Chothú*, agus athbhreithniú a dhéanamh ar oiliúint LINC chun tacú le ról nuashonraithe an Chomhordaitheora Cuimsithe.<br><br>Geallann an Roinn leasú a dhéanamh ar mhaoiniú le haghaidh suíomhanna a bhfuil Comhordaitheoir Ionchuimsithe acu, agus beidh maoiniú leasaithe ag brath ar Ordú Rialaithe Fostaíochta a d'fhéadfaí a chomhaontú amach anseo ina n-aithneofar Comhordaitheoirí Ionchuimsithe mar róil ar leith/fhreagrachtaí breise a bhfuil a gcuid téarmaí agus coinníollacha gaolmhara acu. |

| | |
|---|---|
| 5. Beartais iontrálacha ionchuimsitheacha | Athbhreithniú a dhéanamh ar an treoir maidir le beartais ionchuimsithe le cinntiú go bhfuil tacaíocht agus aitheantas leordhóthanach iontu le haghaidh grúpaí tosaíochta lena n-áirítear paistí agus teaghlaigh ón Lucht Siúil agus ón bPobal Romach.<br><br>Treoir a sholáthar i dtaca le beartais ligean isteach, agus ceanglais rialála a fhiosrú a d'fhéadfaí a thabhairt isteach chun go mbeadh beartas ligean isteach ionchuimsitheach ag seirbhísí FCLÓ agus CLAS.<br><br>Mar chuid de rialacháin chuimsitheacha a thabharfar isteach le haghaidh seirbhísí CLAS, ceanglas rialála a thabhairt isteach chun go mbeadh beartas ionchuimsitheach ag seirbhísí CLAS.<br><br>Déanfar a mheas ar chóir na dualgais a eascraíonn as Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 a chur ar sheirbhísí FCLÓ agus CLAS. |
| 6. Comhoibriú idirghníomhaireachta um leas agus cosaint leanaí | Treoir agus tacaíocht do sheirbhísí FCLÓ agus CLAS a láidriú ar chomhoibriú idirghníomhaireachta um leas agus cosaint leanaí.<br><br>A mheas an bhféadfadh rannpháirtíocht i bpróisis Meitheal a bheith riachtanach i gcomhair Seirbhísí Comhpháirtithe Croímhaoiniú. |
| 7. Ciste um Theagmhas Criticiúil | Ciste um Theagmhas Criticiúil a fhorbairt chun tacú le leanaí agus le baill foirne i suíomhanna a mbíonn tionchar ag teagmhais chriticiúla orthu. |
| 8. Tacaíochtaí folláine d'oideachasóirí agus cleachtóirí luathbhlianta | Tacaíochtaí folláine a fhorbairt agus a thabhairt isteach le haghaidh oideachasóirí agus cleachtóirí luathbhlianta, in éineacht le tacaíochtaí do shuíomhanna luathoideachais agus cúraim leanaí chun gur féidir timpeallachtaí oibre níos tacúla a chruthú do bhaill foirne. |
| **C** | **Ag tacú le comhpháirtíocht idir suíomhanna, teaghlaigh agus pobail** |
| 9. Comhordaitheoirí Comhpháirtíochta Teaghlaigh agus Pobail | Próifíl róil a fhorbairt do Chomhordaitheoirí Comhpháirtíochta Teaghlaigh agus Pobail, ag tarraingt ar thaithí ról an Chomhordaitheora Chuimsithe agus ar róil eile for-rochtana agus idirchaidrimh teaghlaigh (e.g. Idirchaidreamh teagmhála baile, scoile agus an phobail i scoileanna DEIS; Oibrithe Idirchaidrimh do Theaghlaigh ó Chlár Tacaíochta do Thuismitheoirí den Lucht Siúil).<br><br>Clár oiliúna de chineál LINC a fhorbairt le bheith ina riachtanas don ról, le tosaíocht ar dtús do sheirbhísí atá dírithe ar Tús Cothrom.<br><br>Maoiniú coinníollach a fhorbairt do shuímh chun tacú leis an ról, le tús áite á thabhairt i dtosach do shuímh a bhfuil Tús Cothrom spriocdhírithe orthu. I gcomhréir leis na leasuithe i dtaca le Comhordaitheoirí Ionchuimsithe thuas, beidh an maoiniú ag brath ar an Ordú Rialaithe Fostaíochta a d'fhéadfaí a chomhaontú amach anseo ina n-aithneofar Comhordaitheoirí Ionchuimsithe mar róil ar leith/fhreagrachtaí breise a bhfuil a gcuid téarmaí agus coinníollacha gaolmhara acu. |

| | |
|---|---|
| 10. Ról Comhairleach Tús Níos Fearr a leathnú | An ról Tús Níos Fearr a leathnú chun comhairle agus treoir a sholáthar do sheirbhísí LFC (agus, le himeacht ama, do sheirbhísí CLAS freisin), do Chomhordaitheoirí Cuimsithe agus do Chomhordaitheoirí Comhpháirtíochta Teaghlaigh agus Pobail, maidir le cineálacha cur chuige éifeachtacha maidir le cuimsiú leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus spriocghrúpaí tosaíochta, lena n-áirítear béim ar thacú le comhpháirtíocht idir suíomhanna, tuismitheoirí agus pobail.<br><br>Saineolaithe Luathbhlianta a cheapadh (Saineolaithe Comhairleachta ar an Lucht Siúil agus an Pobal Romach) chun obair in Tús Níos Fearr. |
| 11. Rannpháirtíocht tuismitheoirí i suíomhanna a neartú | Tacú le suíomhanna FCLÓ agus CLAS chun beartais a fhorbairt ar chomhpháirtíocht le tuismitheoirí, agus ag dáta níos deireanaí ceangal orthu na beartais sin a fhorbairt.<br><br>Treoir a fhorbairt do sheirbhísí LFC agus CLAS maidir le "grúpaí comhpháirtíochta tuismitheora", coistí comhpháirtíochta, nó meicníochtaí eile a thabhairt isteach chun róil struchtúrtha agus níos foirmiúla a thabhairt do thuismitheoirí i rannpháirtíocht leanúnach le suíomhanna. |
| **BEARTA ATÁ SPRIOCDHÍRITHE AR PHÁISTÍ** | |
| D | Freastal ar riachtanais phraiticiúla |
| 12. Maoiniú do sheirbhísí chun tacú le leanaí faoi mhíbhuntáiste a bhfuil riachtanais phraiticiúla acu | Sruth maoinithe leath-solúbtha nua a thabhairt isteach do gach suíomh FCLÓ agus CLAS chun tacú le rochtain agus rannpháirtíocht leanaí faoi mhíbhuntáiste trí chabhrú lena riachtanais phraiticiúla rannpháirtíochta a chomhlíonadh. Leithdháilfear maoiniú bunaithe ar shamhail aitheanta Tús Cothrom nua i dtaca le páistí a aithnítear tríd an tsamhail. Is féidir maoiniú a úsáid ar bhonn solúbtha ar fud réimse leathan cuspóirí a luafar go sonrach. |
| E | Freagairtí saincheaptha a fhorbairt |
| 13. Freagraí saincheaptha | A bheith ag obair le heagraíochtaí ionadaíocha ó shain-spriocghrúpaí chun réitigh éifeachtacha a fhorbairt chun dul i ngleic leis na bacainní ar rochtain agus rannpháirtíocht in LFC agus CLAS atá roimh pháistí ó na spriocghrúpaí sin.<br><br>Seisear Oibrí Nasc Teaghlaigh a cheapadh chun tacú le rolladh amach iomlán an Chláir Tacaíochta Tuismitheoireachta don Lucht Siúil i ngach ceann de na 17 gceantar Tulsa, le freagrachtaí nua ar Oibrithe Nasc Teaghlaigh chun dul i dteagmháil le tuismitheoirí den Lucht Siúil leanaí idir 1-5 bliana d'aois, ag tacú leo freastal ar luathfhoghlaim agus cúram leanaí agus páirt a ghlacadh iontu, leas a bhaint as an gclár COLÓ agus nuair is infheidhme iarratas a dhéanamh ar an SNCL. |

| BEARTA ATÁ DÍRITHE AR SHUÍMH | |
|---|---|
| **F** | **Maoiniú breise le haghaidh seirbhísí i gceantair ina bhfuil dlús ard daoine faoi mhíbhuntáiste** |
| 14. Tacaíochtaí foirne | Maoiniú solúbtha a sholáthar d'am breise foirne do sheirbhísí spriocdhírithe ar Tús Cothrom Shraith 1 agus Shraith 2 chun cabhrú le seirbhísí tacú le leanaí sna pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste rochtain a fháil ar agus a bheith rannpháirteach in LFC agus CLAS. |
| 15. Clár cothaithe breise | Maoiniú a chur ar fáil do bhéilí breise a chuirfear ar fáil i suíomhanna spriocdhírithe LFC agus CLAS thar íoscheanglais rialála. |
| 16. Idirghabháil le haghaidh moillithe ó thaobh teanga | Treisiú Cainte Luath a rolladh amach chuig suíomhanna ainmnithe Tús Cothrom |
| 17. Úsáid níos forleithne a bhaint as samhail aitheantais Tús Cothrom | Úsáid a bhaint as an tsamhail aitheantais Tús Cothrom i réimsí beartais chomhlántacha chun seirbhísí a bhfuil maoiniú agus acmhainní breise de dhíth orthu a aithint, anuas ar an maoiniú uilíoch agus na tacaíochtaí atá ar fáil do na seirbhísí go léir nó chun tosaíocht a thabhairt do leithdháileadh tacaíochtaí eile, chomh maith le heolas a thabhairt do thosaíochtaí eile i leithroinnt acmhainní. |

## Dul chun cinn a thomhas

Ar aon dul leis na moltaí i *gComhpháirtíocht ar mhaithe le Leas an Phobail*, déanfar dul chun cinn ar fheidhmiú Tús Cothrom a thomhas ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal suímh.

## Leibhéal náisiúnta

Ar an leibhéal náisiúnta, foilseoidh an Roinn sonraí an mhaoinithe spriocdhírithe ag leibhéal an tsocraithe agus chomh maith leis sin, forbróidh sí tacar gearr de tháscairí náisiúnta chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn Tús Cothrom, agus déanfar tuairisciú bliantúil ar mhaoiniú spriocdhírithe agus táscairí. Áireofar sa tuarascáil seo dul chun cinn ar an sprioc maidir le glacadh an chláir COLÓ atá leagtha síos sa *Phlean Forfheidhmithe na Chéad Chúig (2023-2025)* (i.e. faoi 2028, beidh rátaí roghnúcháin an chláir COLÓ nó clár réamh-bhunscoile coibhéiseach ag leanaí den Lucht Siúil agus Romach níos dlúithe leis an meán náisiúnta) .

Ina theannta sin, coimisiúnóidh an Roinn meastóireacht fhoirmiúil neamhspleách ar Tús Cothrom tar éis trí bliana.

## Leibhéal suímh

Ag leibhéal an tsuímh, beidh ar shuíomhanna a cháilíonn do mhaoiniú spriocdhírithe Plean gairid um Dul i nGleic le Míbhuntáiste a fhoilsiú.

Beifear ag súil go leagfaidh seirbhísí a gcur chuige amach maidir le dul i ngleic le míbhuntáiste, bunaithe ar threoir na Roinne ar chaiteachas, chomh maith leis na feabhsuithe agus na torthaí a bhfuiltear ag súil leo do na leanaí, na tuismitheoirí, don fhoireann agus an suíomh. Déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm an phlean trí fhéinmheastóireacht agus úsáidfear é chun cabhrú le gníomhaithe áitiúla tacaíochtaí nó comhairle fhiúntach a sholáthar. Déanfar iniúchadh lárnach ar shampla pleananna chun torthaí polasaí a mheas.

# AGUISÍNÍ



# Aguisín 1: Moltaí i gComhpháirtíocht um Leas an Phobail

## Croímhaoiniú

1. Íocaíocht ar thaobh an tsoláthair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le soláthraithe chun tacú le soláthar seirbhísí ardchaighdeáin. Thairgfeadh an íocaíocht nua – ar thug siad Croímhaoiniú air – inbhuanaitheacht airgeadais níos fearr do sholáthraithe mar mhalairt ar aistriú cultúrtha chuig caidreamh comhpháirtíochta idir soláthraithe agus an Stát, rud a léiríonn gné leas an phobail de LFC agus CLAS.

2. Ba cheart go mbeadh an Croímhaoiniú mar atá leagtha amach thíos
    a) le ríomh bunaithe ar acmhainn an tsuímh (líon/aois na leanaí, cineál/fad na seirbhíse) agus an líon foirne a bhaineann leis.
    b) cibé maoiniú breise a chinnfidh an Rialtas a chur ar fáil a chur san áireamh chun tacú le próiseas an Chomhchoiste Oibreachais (CCO), atá ar siúl faoi láthair.
    c) Maoiniú breise a ionchorprú chun freastal ar na costais bhreise do sholáthróirí a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Phlean Fórsa Saothair lena n-áirítear deiseanna don fhoireann dul chun cinn agus forbairt a dhéanamh laistigh den earnáil.
    d) Maoiniú le haghaidh riaracháin a ionchorprú agus chun tacú le fostú foirne céimithe.
    e) Rochtain ar phacáiste tacaíochtaí agus acmhainní a chur ar fáil, lena n-áirítear maoiniú caipitil agus tacaíochtaí ardchaighdeáin.

3. Ba chóir go mbeadh ceangal ar sholáthróirí a chláraíonn le Croímhaoiniú
    a) An córas bainistíochta táillí a leanúint.
    b) Na bearta feabhsaithe cáilíochta faoin bPlean Fórsa Saothair a chur i bhfeidhm.
    c) Na creataí cleachtais ábhartha a chur i bhfeidhm.
    d) Plean forbartha cáilíochta bliantúil a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a thuairisciú.
    e) Tuarascálacha airgeadais trédhearcacha a sholáthar agus páirt a ghlacadh, de réir mar is gá, i suirbhéanna costais agus i ngníomhartha riachtanacha bailithe sonraí eile.
    f) An clár SNCL agus COLÓ a thairiscint do gach leanbh/tuismitheoir incháilithe, lena n-áirítear leanaí a fhaigheann rochtain ar an SNCL trí shocruithe urraíochta.

4. Ba cheart treoirlínte a sholáthar do sholáthraithe a dhéanann iarratas ar Chroímhaoiniú maidir leis na cineálacha caiteachais ar féidir an leithdháileadh seo a chaitheamh orthu, agus na socruithe rialachais agus cuntasachta a bheidh i bhfeidhm. Ba cheart go dtacódh leibhéal áitiúil na samhla oibriúcháin le suíomhanna aonair chun a chinntiú, ach amháin i gcásanna eisceachtúla, gur féidir leo a bheith muiníneach go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais chuntasachta sin.

5. Chun an tionchar a bheidh ag Croímhaoiniú chuir i bhfeidhm a mheas, ba cheart don RLCMLÓ sraith réasúnta gearr de tháscairí náisiúnta a fhorbairt ina leagfar amach na tairbhí a bhfuiltear ag súil leis ón maoiniú breise seo (laghdú ar athrú foirne, foireann atá cáilithe níos fearr, táillí tuismitheora níos cobhsaí, méaduithe ar am neamhtheagmhála, etc.) agus tuarascálacha ar dhul chun cinn a fhoilsiú.

6. Ó thaobh maoinithe de, agus in ainneoin na ndifríochtaí idir cúram leanaí agus soláthar atá bunaithe in ionad, creideann an Sainghrúpa go mbeadh sé réasúnach, i bprionsabal, na sruthanna nua maoinithe atá molta sa tuarascáil seo a chur ar fáil d'fheighlithe leanaí cláraithe – cé go bhféadfadh roinnt modhnuithe a bheith ag teastáil. Molann siad go bhforbródh an RLCMLÓ cur chuige cuí, a chuireann an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí (2021-2028) san áireamh.

## Dul i nGleic le Míbhuntáiste

7. Oiliúint uilíoch, ábhair agus tacaíochtaí a fhorbairt agus a sholáthar chun tuiscint ar mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus ar chultúr cuimsitheach in LFC agus CLAS do sholáthróirí, oideachasóirí/cleachtóirí, tuismitheoirí agus leanaí a chur chun cinn agus a fheabhsú. Ba cheart go ndíreodh na tacaíochtaí seo ar shuíomhanna agus ar bhaill foirne araon.

8. Meicníocht a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun maoiniú spriocdhírithe a aithint agus a leithdháileadh chun tacú le seirbhísí a bhfuil leibhéil arda de mhíbhuntáiste socheacnamaíoch comhchruinnithe acu. Ba cheart go mbeadh an cur chuige sainaitheanta bunaithe ar scóir chomhiomlán díothachta seoltaí baile na leanaí go léir a fhreastalaíonn ar an suíomh. Ba cheart an maoiniú breise a ríomh bunaithe ar acmhainn agus ar fhoireann an tsuímh agus ba cheart é a léiriú mar bhuiséad a d'fhéadfaí a úsáid go páirteach i bhfoirm leithdháilte airgeadais bhreise agus go páirteach i bhfoirm tacaíochtaí comhchineáil breise.

9. Ba cheart do sheirbhísí incháilithe an maoiniú spriocdhírithe seo a úsáid chun idirghníomhaíocht níos comhsheasmhaí agus ar chaighdeán níos airde a sholáthar le leanaí agus lena dteaghlaigh. D'fhéadfaí é seo a bhaint amach ar bhealaí éagsúla, amhail cóimheasa níos ísle foirne/leanaí, am neamhtheagmhála méadaithe, oiliúint bhreise/FLG, foireann ardcháilithe a mhealladh agus a choinneáil, níos mó gníomhaíochtaí agus turas amuigh faoin aer, agus acmhainní breise oideachais agus súgartha.

10. Ba cheart go mbeadh roinnt solúbthachta ag soláthraithe a cháilíonn do mhaoiniú spriocdhírithe maidir le cinneadh a dhéanamh ar an mbealach is fearr leis an maoiniú breise seo a úsáid ach ba cheart go mbeadh orthu plean gearr sonrach a fhoilsiú ina leagtar amach an chaoi a bhfuil sé ar intinn acu a leithdháileadh a chaitheamh don bhliain atá le teacht agus tuarascáil ar conas a chaith siad a leithdháileadh don bhliain roimhe sin. Ba cheart treoirlínte a sholáthar do sholáthraithe maidir leis na cineálacha caiteachais ar féidir an leithdháileadh seo a chaitheamh orthu, agus na socruithe rialachais agus cuntasachta a bheidh i bhfeidhm.

11. Ba cheart don RLCMLÓ tacar réasúnta gearr de tháscairí náisiúnta a fhorbairt ina leagfar amach na tairbhí a bhfuiltear ag súil leis ó na tacaíochtaí uilíocha agus an maoiniú spriocdhírithe agus go bhfoilseofaí tuarascálacha ar dhul chun cinn orthu.

12. Ag brath ar thaithí leis na tacaíochtaí uilíocha agus an maoiniú spriocdhírithe, ba cheart don RLCMLÓ iniúchadh a dhéanamh ar an ngá atá le gné eile maoinithe a d'fhéadfadh ligean do shuíomhanna aonair iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais eisceachtúla leanaí aonair.

13. Smaoinigh ar SRC a leathnú chuig gach suíomh LFC agus CLAS.

14. Freagracht as for-rochtain go, agus rannpháirtíocht níos mó in, LFC agus CLAS ag teaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta agus míbhuntáiste a shannadh do na struchtúir áitiúla, a eascraíonn as an Athbhreithniú ar an tSamhail Oibriúcháin atá ar siúl faoi láthair.

15. Agus an prionsabal á choinneáil ag an am céanna go gcáilíonn teaghlaigh ina bhfuil gach tuismitheoir sa teaghlach rannpháirteach in obair nó i staidéar le haghaidh níos mó uaireanta LFC agus CLAS ná teaghlaigh ina bhfuil tuismitheoir amháin ar fáil chun aire a thabhairt do leanaí, aghaidh a thabhairt ar an tionchar sonrach atá ag 'tástáil oibre/staidéir' an SNCL ar uaireanta rochtana do leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó míbhuntáiste. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh uaireanta caighdeánacha a mhéadú i gceist leis seo chun a chinntiú go mbeadh rochtain ag leanaí ar líon níos mó uaireanta LFC agus CLAS le linn am téarma.

## Bearta inacmhainneachta

16. An teorainn aoise atá ann faoi láthair ar an bhfóirdheontas uilíoch SNCL a bhaint ionas go mbeidh sé ar fáil do gach leanbh atá clúdaithe faoin scéim agus ráta an fhóirdheontais a mhéadú chun an líon is fearr a ghlacadh.

17. "Foisc il-leanbh" a chur in ionad na gné "asbhaint il-leanbh" den SNCL atá ann cheana féin, ionas go bhfaighidh teaghlaigh le beirt leanaí nó níos mó fóirdheontais níos airde agus go mbeidh rátaí aistarraingthe níos ísle acu de réir mar a mhéadaíonn a n-ioncam.

18. Breithniú a dhéanamh, lena n-áirítear mar chuid den mheastóireacht ar an SNCL sa todhchaí, an SNCL a fhorbairt ionas go mbeidh fóirdheontais agus caiteachas iomlán teaghlaigh ar LFC agus CLAS nasctha le hioncam iomlán na dteaghlach. De bhreis ar chinnteacht táillí a bhaint amach, d'fhéadfadh go n-áireofaí leis an athrú seo rátaí aistarraingthe follasacha do theaghlaigh ar fhóirdheontais arna measúnú ar ioncam agus/nó teorainn ar an gcéatadán ioncaim a íocann tuismitheoirí agus an Stát ag íoc as aon chostais bhreise.

## Bainistíocht táillí

19. Ba cheart don RLCMLÓ suíomh Gréasáin inchomparáide praghsanna a fhorbairt do thuismitheoirí. Más gá, ba cheart dó na conarthaí le soláthraithe a leasú chun é a cheadú táillí soláthraithe a chur in iúl ar bhealach atá inchomparáide go héasca (amhail meánrátaí in aghaidh na huaire de réir aoisraoin).

20. Ba cheart don RLCMLÓ sonraí a bhailiú ar chostais soláthraithe bunaithe ar an tsamhail chostála arna forbairt ag Crowe. Ba cheart go mbeadh rannpháirtíocht sna suirbhéanna seo éigeantach do gach soláthraí ar mian leo Croímhaoiniú a fháil.

21. Ba cheart go mbeadh ceangal ar sholáthróirí a chláraíonn do Chroímhaoiniú páirt a ghlacadh i gcóras nua bainistíochta táillí. Ar dtús, bheadh comhaontú i gceist leis an gcóras nua bainistíochta táillí gan táillí tuismitheora a ardú ó bhunlíne Mheán Fómhair 2021 don chlárbhliain Meán Fómhair 2022 go Lúnasa 2023.

22. Ba cheart go ndíreodh an córas nua ar mhéaduithe ar rátaí táillí a theorannú ar dtús. Ba cheart don RLCMLÓ iniúchadh a dhéanamh ar bhainistíocht rátaí táillí iarbhír, agus úsáid á baint as sonraí costais an tsoláthraí a bailíodh faoi R20 - lena n-áirítear an mbeadh sé réasúnach struchtúr náisiúnta táillí soláthraithe a thabhairt isteach sa mheántéarma, lena n-áirítear socruithe idirthréimhseacha, mar shampla i gcás ina mbeadh ar na rátaí táillí go léir titim laistigh de raon lamháltais céatadáin sonraithe thart ar ráta áirithe.

## Ról an Stáit

23. Ba cheart don Aire a chinntiú go bhfuil an saineolas agus na hacmhainní is gá ag an RLCMLÓ agus ag an múnla oibriúcháin chun ról feabhsaithe bainistíochta poiblí agus tacaíochta a ghlacadh san earnáil. Chomh maith leis na feidhmeanna atá leagtha amach i moltaí eile (e.g., bainistíocht táillí), ba cheart go mbeadh an Stát freagrach as:
    a) Pleanáil acmhainne, éileamh a bhunú, bearnaí a aithint sa soláthar agus gníomhartha chun dul i ngleic le bearnaí.
    b) Foinse faisnéise a thairiscint do theaghlaigh ar tháillí soláthraithe, folúntais, tuarascálacha cigireachta, faisnéis eile ar cháilíocht, etc.
    c) Pleanáil, treorú, agus tacú le forbairt earnála optamach LFC agus CLAS, maidir le méid agus tairiscint seirbhíse.
    d) Tacú le soláthraithe chun seirbhísí inbhuanaithe, ardchaighdeáin, inacmhainne a oibriú.
    e) Dúnadh ionad a bhainistiú, e.g., áiteanna eile, soláthraithe malartacha agus tacaíochtaí le haghaidh athoscailte a fhiosrú.

    Tá sé ríthábhachtach go dtacófar leis na freagrachtaí seo agus go seachadfar trí struchtúir láidre áitiúla iad.

24. Ba cheart don RLCMCLÓ leanúint lena Mhaoiniú Inbhuanaitheachta agus an sruth maoinithe seo a athbhreithniú agus a nuashonrú chun an tsamhail nua mhaoinithe a chur san áireamh. Ba cheart go bhfeidhmeodh Maoiniú Inbhuanaitheachta mar líontán sábhála deiridh do líon beag seirbhísí a bhféadfadh dúshláin inbhuanaitheachta a bheith acu.

25. Sa mheántéarma, ba cheart don Aire sainordú a thabhairt don RLCMLÓ iniúchadh a dhéanamh ar cheart gné éigin den soláthar poiblí a thabhairt isteach taobh le soláthar príobháideach.

# Aguisín 2: Eagraíochtaí agus comhlachtaí a ndeachthas i dteagmháil leo sa chéim chomhairliúcháin

Chuathas i dteagmháil leis na gníomhaireachtaí, ENRanna, agus seirbhísí LFC agus CLAS seo a leanas mar chuid d'fhorbairt Tús Cothrom:

- Afterschool Academy Ionad Pobail Bhaile an Huntaigh
- Clár Oideachais & Tacaíochta Iarscoile (Sráid an tSirriam Íochtarach)
- CLG Cúram Leanaí Pobail Bhaile Átha Buí
- Seirbhísí Cúraim Leanaí Bhearna Chearúill
- Barnardos
- Carraig Briste & Luathbhlianta Chill Éignigh
- Coistí Cúraim Leanaí Éireann
- Tionscnamh Forbartha na hÓige
- Comhghuaillíocht um Chearta Leanaí
- Coistí Cúraim Leanaí Cathrach/Contae
- Cocoon Childcare (Ard Aidhin)
- Comhar Naíonraí na Gaeltachta
- Crann
- Réamhscoil Creative Kids and Co
- Ionad Cúraim Leanaí Chromghlinne
- Cúram Leanaí Comhtháite Belcamp Dharndál
- Seirbhísí Leanaí & Teaghlaigh, Iníonacha na Carthanachta: EYS Naomh Muire agus ECDS Naomh Louise
- Aonad Beartais an Lucht Siúil agus na Romach, RLCMLÓ
- Ionad Teaghlaigh Ráth an Deagánaigh
- An tAonad um Bochtaineacht Leanaí agus Folláine, Roinn an Taoisigh
- Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall
- Doras Buí
- Comhpháirtíocht Iarthuaisceart Bhaile Átha Cliath
- Dublin Steiner School
- Luath-Óige Éireann
- Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach (SNCLSR), An Fochoiste Oideachais
- FAB Huggie Bears Loch Garman
- FamiliBase
- CLG Cúram Leanaí Fhionnghlaise
- Focus Ireland
- Gaeloideachas (Naíonraí Chaitlín Maude)
- Cúram Leanaí Pobail Ghoirt an Ghleanna
- Ionad Cúram Leanaí Pharóiste na Gráige CLG
- Higgys House Creche
- Comhairle Dídeanaithe na hÉireann
- Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann
- Jack and Jill Playgroup CLG
- Jelly Tots
- Kids Inc
- Réamhscoil agus Iarscoil Chill Bharróg Ghort an tSionnaigh
- Tionscadal Luathbhlianta CLG Phobal Chill Chainnigh
- Krafty Kidz Bhéal Átha Conaill
- Larkin Childcare Facility (0-3 bliana)

- Mellow Spring
- Líonra Men in Childcare
- Líonra Náisiúnta Óige
- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí
- An Fóram Náisiúnta do Thaistealaithe Mná
- Comhairle Náisiúnta na mBan
- Réamhscoil Ag Foghlaim le Chéile na hUaimhe
- Clár Críochnaithe Scolaíochta Choiste Bainistíochta Áitiúil na hUaimhe
- Ionad Acmhainne Teaghlaigh an Taobh Thuaidh, Ionad Cúraim Leanaí Cois Abhann, Páirc Mhuire, Luimneach
- OMEP na hÉireann
- Teaghlach Amháin na hÉireann
- Childworld Mhuire Lourdes
- Forbairt Pobail CLG Thaobh na Páirce
- Pavee Point
- Ionad Acmhainní Teaghlaigh Phort Laoise (Fóram Náisiúnta FRC, foghrúpa Cúraim Leanaí)
- Preparing for Life
- Ionad Leanaí SAOL Beag
- Réamhscoil Scribbles and Giggles
- Sherpa Kids (Baile Átha Cliath 5 & 13)
- Seirbhís Tacaíochta Teaghlaigh Springboard Shligigh
- Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas
- SPEC's, Bré (Clár ABC)
- Ionad Seirbhísí Pobail San Caitríona
- Cumann Naomh Uinseann de Pól
- Naíonra Lá Fhéile Bríde
- Ionad Luathbhlianta Stepping Stones
- Tait House Creche
- Ionad Cúraim Leanaí Thamhlachta
- Cúram Leanaí Pobail Teach Spraoi - LFC & CLAS
- Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne
- Ionad Pobail agus Cúram Leanaí Theampall Seanáin TEO
- The Beehive Play, Learn Grow
- Cúram Leanaí Tigers
- Grúpa Infheictheachta an Lucht Siúil
- Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath
- Ionad Acmhainní Teaghlaigh & Cúram Leanaí Thobar an Choire
- Tusla, Clár ABC agus Seirbhís Tacaíochta Oideachais
- Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Cúram Leanaí Áth na nUrlainn
- Cúram Leanaí YMCA

First 5

Gníomh maidir le na Chéad Chúig a Chur i bhFeidhm

Together for Better

Early Learning and Childcare

Príomhshnáithe de Níos Fearr le Chéile, an tsamhail mhaoinithe don luathfhoghlaim agus do chúram leanaí.

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth